2025/912

20.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/912 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Bealtaine 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid aonfhoirmeach le haghaidh na bpleananna athchóirithe náisiúnta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1991, ceanglaítear ar gach Ballstát dréachtphlean athchóirithe náisiúnta a ullmhú agus a chur isteach faoin 1 Meán Fómhair 2026 agus na bearta athchóiriúcháin is gá a shainaithint chun na críche sin chun na spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 den Rialachán sin a chomhlíonadh. Tá an Coimisiún le formáid aonfhoirmeach abhunú le haghaidh na bpleananna athchóirithe náisiúnta sin le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil.

(2) Foráiltear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2024/1991 go gcumhdófar leis an bplean athchóirithe náisiúnta an tréimhse suas le 2050, le sprioc-amanna idirmheánacha a chomhfhreagraíonn do na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 den Rialachán sin. Ba cheart go soláthródh an fhormáid aonfhoirmeach an struchtúr agus na réimsí is gá le haghaidh an ábhair sin.

(3) Foráiltear le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2024/1991, maidir leis an tréimhse ón 1 Iúil 2032, gur féidir leis na Ballstáit a roghnú na pleananna athchóirithe náisiúnta a theorannú d'fhorbhreathnú straitéiseach ar na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 15(3) agus an t-ábhar dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 den Airteagal sin. Is amhlaidh atá maidir leis na pleananna athchóirithe náisiúnta athbhreithnithe a eascraíonn as an athbhreithniú atá le déanamh faoin 30 Meitheamh 2032 i gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Rialachán sin, maidir leis an tréimhse ón 1 Iúil 2042. Ba cheart an tsolúbthacht is gá a áireamh san fhormáid aonfhoirmeach chun gur féidir na pleananna a theorannú d'fhorbhreathnú straitéiseach.

(4) Ba cheart réimsí le haghaidh na ngnéithe agus na n-ábhar uile a liostaítear in Airteagal 15(3) go (6) de Rialachán (AE) 2024/1991 a bheith san fhormáid aonfhoirmeach.

(5) Chun pleanáil iomlán, éifeachtach agus struchtúrtha na mbeart athchóiriúcháin a áirithiú, ba cheart go gcuirfeadh an fhormáid aonfhoirmeach ar a gcumas do na Ballstáit lánúsáid a bhaint as an bhfaisnéis phleanála agus tuairiscithe atá ann cheana arna bailiú trí chur chun feidhme ghníomhartha agus bheartais an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 14(9) go (15) de Rialachán (AE) 2024/1991. Chun comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú agus chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint, ba cheart an fhormáid aonfhoirmeach a chuíchóiriú agus a bheith beacht maidir leis an bhfaisnéis agus na sonraí is gá i ngach réimse agus ba cheart do na Ballstáit í a líonadh isteach agus a chur isteach go digiteach. Chun athúsáid na faisnéise agus na sonraí a chuirtear isteach sna pleananna athchóirithe náisiúnta a éascú, déanfaidh an Coimisiún bearta chun a áirithiú go ndíreofar an fhaisnéis sin ar na córais dhigiteacha nasctha ábhartha, amhail Reportnet na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, agus go ndéanfar í a mhalartú leo dá réir.

(6) Ba cheart an fhormáid aonfhoirmeach a struchtúrú sa chaoi go n-áiritheofar le cur i láthair na faisnéise agus na sonraí éifeachtacht an mheasúnaithe agus an athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagail 17 agus 19 de Rialachán (AE) 2024/1991.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra.

([1]) IO L, 2024/1991, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo an fhormáid aonfhoirmeach le haghaidh an phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15(7) de Rialachán (AE) 2024/1991.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Plean athchóirithe náisiúnta (PAN) 4

1. Faisnéis bhunúsach 4

Cuid A – Faisnéis thar na spriocanna 4

2. PAN a ullmhú agus a chur ar bun (Airteagal 15(3)(w)) 4

3. Rannchuidiú le spriocanna agus cuspóirí uileghabhálacha a leagtar amach in Airteagal 1 4

4. Comhthairbhí ginearálta, beartais ghaolmhara agus faisnéis airgeadais 5

5. Réimsí a bhaineann le faireachán, measúnú éifeachtachta agus athbhreithniú na mbeart 10

Cuid B – Cur chuige náisiúnta chun spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí a chomhlíonadh, de réir airteagail 11

6. Éiceachórais talún, chósta agus fionnuisce a athchóiriú (Airteagal 4) 11

7. Éiceachórais mhuirí a athchóiriú (Airteagal 5) 17

8. Éiceachórais uirbeacha (Airteagal 8) 24

9. Nascacht nádúrtha aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara a athchóiriú (Airteagal 9) 27

10. Éagsúlacht pailneoirí agus pobail pailneoirí (Airteagal 10) 29

11. Éiceachórais talmhaíochta (Airteagal 11) 30

11.1. Cur chuige náisiúnta agus faisnéis chomhthéacsúil 30

12. Éiceachórais foraoise (Airteagal 12) 33

13. 3 bhilliún crann breise a chur (Airteagal 13) 35

Cuid C – Bearta 36

14. Bearta Airteagal 15(3)(c) 36

Faisnéis bhreise 42

Faisnéis bhreise I – Barúlacha agus athbhreithniú ar an dréacht-PAN (Airteagal 19) 42

Faisnéis Bhreise II – Faisnéis de réir an chineáil gnáthóige mara (roghnach) 43

Faisnéis Bhreise III – Liosta de limistéir éiceachórais uirbigh nuair a leantar cur chuige atá éagsúil le haonaid riaracháin áitiúla iomlána a úsáid 44

Faisnéis Bhreise IV –Fardal na mbacainní saorga ar nascacht uiscí dromchla (Airteagal 15(3)(i) agus (n)) 45

Plean athchóirithe náisiúnta (PAN)	
1. **Faisnéis bhunúsach**	
1.1. Ballstát	Cód dhá dhigit de réir chódliosta na dtíortha
1.2. An dáta a cuireadh an plean isteach	BBBB-MM-LL
1.3. Comhlacht/comhlachtaí freagracha nó comhordaithe	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
1.4. An leagan athbhreithnithe den PAN é seo? (Airteagal19)	Is ea/Ní hea Más ea, ba cheart Faisnéis Bhreise I a líonadh isteach
1.5. Achoimre ar an PAN	Saorthéacs, 10 000 carachtar ar a mhéad
Cuid A – **Faisnéis thar na spriocanna**	
2. **PAN a ullmhú agus a chur ar bun** (Airteagal 15(3)(w))	
2.1. **Rannpháirtíocht an phobail** (Airteagal 14(20) agus Airteagal 15(3)(w))	
2.1.1. Achoimre ar an bpróiseas ullmhúcháin, toradh rannpháirtíocht an phobail agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
2.2. **Breithnithe ar éagsúlacht staideanna i réigiúin éagsúla** (Airteagail 14(16)(c) agus 15(6))	
2.2.1. Breithnithe ar éagsúlacht saintréithe réigiúnacha i réigiúin, lena n-áirítear a riachtanais shóisialta, eacnamaíocha agus chultúrtha agus dlús an daonra (Airteagal 14(16)(c) agus 15(6)) (roghnach)	a) breithnithe trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal c) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)
2.3. **Breithnithe ar chás sonrach na réigiún is forimeallaí (más infheidhme)** (Airteagal 14(16)(c) agus Airteagal 15(3)(o))	
2.3.1. Breithnithe ar iargúltacht, oileánachas, beagmhéid, topagrafaíocht dheacair agus aeráid sna réigiúin is forimeallaí	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
2.3.2. Breithnithe ar an mbithéagsúlacht sna réigiúin is forimeallaí	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
2.3.3. Breithnithe ar na costais ghaolmhara a bhaineann le héiceachórais na réigiún is forimeallaí a chosaint agus a athchóiriú	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
3. **Rannchuidiú le spriocanna agus cuspóirí uileghabhálacha a leagtar amach in Airteagal 1**	
3.1. Rannchuidiú leis na cuspóirí uileghabhálacha a leagtar amach in Airteagal 1(1) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

3.2. Méid na limistéar talún agus mara atá faoi réir bearta athchóiriúcháin faoi 2030	a) méid táscach na limistéar talún a bhfuil sé beartaithe iad a chumhdach le bearta athchóiriúcháin éifeachtacha limistéar-bhunaithe faoi 2030 (km^2) b) méid táscach na limistéar farraige a bhfuil sé beartaithe iad a chumhdach le bearta éifeachtacha athchóirithe limistéar-bhunaithe faoi 2030 (km^2)
3.3. Méid na limistéar talún agus mara atá faoi réir bearta athchóiriúcháin faoi 2050 (roghnach)	a) an meastachán is fearr nó raon de mhéid táscach na limistéar talún a bhfuil sé beartaithe iad a chumhdach le bearta athchóiriúcháin éifeachtacha limistéar-bhunaithe faoi 2050 (km^2) b) an meastachán is fearr nó raon de mhéid táscach na limistéar farraige a bhfuil sé beartaithe iad a chumhdach le bearta athchóiriúcháin éifeachtacha limistéar-bhunaithe faoi 2050 (km^2)
4. Comhthairbhí ginearálta, beartais ghaolmhara agus faisnéis airgeadais	
4.1. Comhthairbhí agus tionchair ghinearálta (Airteagal 15(3)(r) agus (s))	
4.1.1. Comhthairbhí maidir le maolú ar an athrú aeráide (Airteagal 15(3)(r))	a) comhthairbhí trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) comhthairbhí a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) comhthairbhí a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
4.1.2. Comhthairbhí maidir le neodracht ó thaobh díghrádú talún (Airteagal 15(3)(r))	a) comhthairbhí trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) comhthairbhí a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) comhthairbhí a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
4.1.3. Tionchair shocheacnamaíocha intuartha agus sochair mheasta na mbeart athchóiriúcháin dá dtagraítear in Airteagail 4 go 12 (Airteagal 15(3)(s))	a) tionchair shocheacnamaíocha trasnaí agus tairbhí measta (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) sochair mheasta agus tionchair shocheacnamaíocha a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) tionchar socheacnamaíoch a bhaineann go sonrach le hairteagal agus tairbhí measta – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
4.1.4. Tionchair agus comhthairbhí féideartha eile (e.g. liosta de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, slándáil an tsoláthair bia, an Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú) (roghnach)	a) tionchair agus comhthairbhí trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) tionchair agus comhthairbhí a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal c) tionchair agus tairbhí indíreacha a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
4.2. Beartais agus bearta a cuireadh san áireamh	
4.2.1. Breithniú ar chásanna athraithe aeráide chun cineál agus suíomh na mbeart athchóiriúcháin a phleanáil (Airteagal 15(3)(t)(i))	a) breithnithe trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)

4.2.2. Breithniú ar fhaisnéis atá ar fáil tráth na pleanála faoi chlaochluithe dosheachanta gnáthóige arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo (Airteagal 4(14)(b), Airteagal 4(15)(b), Airteagal 4(16)(b), Airteagal 5(11)(b), Airteagal 5(12)(b), Airteagal 5(13)(b), agus Airteagal 12(4)(b)) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
4.2.3. Breithniú ar an bhfaisnéis atá ar fáil tráth na pleanála faoi force majeure ar mhórscála, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha (Airteagal 4(14)(a), Airteagal 4(15)(a), Airteagal 4(16)(a), Airteagal 5(11)(a), Airteagal 5(12)(a), Airteagal 5(13)(a), agus Airteagal 12(4)(b)) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
4.2.4. Breithniú a dhéanamh ar acmhainneacht beart athchóiriúcháin chun tionchair an athraithe aeráide ar an dúlra a íoslaghdú, chun éifeachtaí tubaistí nádúrtha a chosc nó a mhaolú agus chun tacú le hoiriúnú (Airteagal 15(3)(t)(ii))	a) breithnithe trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
4.2.5. Breithniú ar shineirgí le straitéisí nó le pleananna náisiúnta um oiriúnú agus tuarascálacha náisiúnta maidir le measúnú riosca tubaistí (Airteagal 15(3)(t)(iii))	a) breithnithe trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
4.2.6. Forbhreathnú ar an idirghníomhú idir na bearta atá sa phlean athchóirithe náisiúnta agus sa phlean náisiúnta fuinnimh agus aeráide (Airteagal 15(3)(t)(iv))	a) forbhreathnú trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) forbhreathnú a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) forbhreathnú a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
4.2.7. Breithniú ar phríomhbheartais an Aontais agus príomhbheartais náisiúnta agus a n-ábharthacht don bhithéagsúlacht á cur san áireamh (Airteagal 14(14)) (roghnach)	a) breithnithe trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal c) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
4.2.8. Forbhreathnú ar an idirghníomhú leis an bplean straitéiseach náisiúnta CBT (comhbheartas talmhaíochta) (Airteagal 15(5))	a) forbhreathnú trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) forbhreathnú a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) forbhreathnú a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)

4.2.9. Cleachtais talmhaíochta agus foraoiseachta atá ann cheana a shainaithint, lena n-áirítear idirghabhálacha CBT, a rannchuidíonn leis na cuspóirí athchóirithe (Airteagal 14(10) agus Airteagal 15(5))	Sonraigh a) agus/nó b) a) Cleachtais talmhaíochta agus foraoiseachta: Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad b) Idirghabhálacha CBT: sonraigh cineál idirghabhála amháin nó níos mó ó chódliosta na n-idirghabhálacha CBT (trí scéim aicmithe JRC 2024 a úsáid ar bhonn cleachtais feirmeoireachta, https://data.europa.eu/doi/10.2760/33560).
4.2.10. Breithniú ar thionscadail straitéiseacha amhábhar criticiúil (Airteagal 14(15)) (roghnach)	a) breithnithe trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal c) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
4.2.11. Sineirgí le pleananna athchóirithe náisiúnta na mBallstát eile, i gcás inar féidir (Airteagal 14(17))	a) forbhreathnú trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) forbhreathnú a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) forbhreathnú a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
4.2.12. Beartais eile a cuireadh san áireamh, i gcás inarb infheidhme (roghnach)	a) breithnithe trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal c) breithnithe a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
4.3. **Achoimre ar fhaisnéis airgeadais**	
4.3.1. **Meastachán ar riachtanais airgeadais chun na bearta athchóiriúcháin a chur chun feidhme** (Airteagal 15(3)(u))	
4.3.1.1. Riachtanais airgeadais mheasta (in EUR) chun an plean athchóirithe náisiúnta a chur chun feidhme (bearta athchóiriúcháin agus neamh-mheathlaithe, bearta cothrománacha)	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr (roghnach) II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta I gcás gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh an fhaisnéis seo a leanas. Beidh rogha ann figiúirí a thiomsú bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le beart i gCuid C Roinn 14.

		Costais aonuaire / tionscadail (EUR/bliain)		**Costais oibriúcháin bhliantúla (EUR/bliain)**	
		Iomlán	Laistigh de Natura 2000 (roghnach)	Iomlán	Laistigh de Natura 2000 (roghnach)
A	***Bearta cothrománacha***				
A.1	*Faireachán agus tuairisciú*				

A.2	*Taighde, lena n-áirítear bearnaí eolais a réiteach*				
A.3	Eile (roghnach, réimse/réimsí saorthéacs, 100 carachtar an ceann ar a mhéad)				
B	***Bearta de réir an chineáil éiceachórais***				
B.1	*Éiceachórais bhogaigh (chósta agus intíre)*				
B.2	*Éiceachórais féaraigh*				
B.3	*Éiceachórais abhann, locha, ghláracha agus bhruachánacha*				
B.4	*Éiceachórais foraoise agus choillearnaí*				
B.5	*Éiceachórais fraochmhá, toir agus scrobarnaí*				
B.6	*Éiceachórais charraigeacha, duimhche agus fásra scáinte*				
B.7	*Éiceachórais talún curaíochta*				
B.8	*Éiceachórais uirbeacha*				
B.9	*Éiceachórais mhuirí*				
B.10	*Éiceachórais eile*				
C	***Bearta eile nach mbaineann le héiceachórais shonracha (roghnach)***				
C.1	Eile (roghnach, réimse/réimsí saorthéacs, 100 carachtar an ceann ar a mhéad)				
	Iomlán				

4.3.1.2. Tacaíocht airgeadais mheasta do pháirtithe leasmhara a ndéanann bearta athchóiriúcháin nó oibleagáidí nua a eascraíonn as cur chun feidhme an Rialacháin difear dóibh	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr (roghnach) II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta Le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh: a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) luach measta nó raon measta, dá réir sin (in EUR)

4.3.1.3. Modh táscach an mhaoinithe phoiblí atá beartaithe	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr (roghnach) II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta *Le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh:* a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) luach measta nó raon measta, dá réir sin (in EUR)
4.3.1.4. Modh táscach an mhaoinithe phríobháidigh atá beartaithe	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr (roghnach) II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta *Le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh:* a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) luach measta nó raon measta, dá réir sin (in EUR)
4.3.1.5. An cómhaoiniú agus an maoiniú atá beartaithe le hionstraimí cistiúcháin an Aontais	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr (roghnach) II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta *Le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh:* a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) luach measta nó raon measta, dá réir sin (in EUR)
4.3.2. **Fóirdheontais a dhéanann difear diúltach do chomhlíonadh na spriocanna agus do chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán** (Airteagal 15(3)(v))	
4.3.2.1. Léiriú ar na fóirdheontais a mbíonn tionchar diúltach acu ar chomhlíonadh na spriocanna agus ar chomhlíonadh oibleagáidí an Rialacháin	*a) Sonraigh a) nó b). Má roghnaítear a) déan faisnéis a sholáthar i réimsí i), ii) agus iii).* a) Léiriú cuichóirithe le tuairisciú agus treoraíocht atá ann cheana i. fóirdheontais breosla iontaise atá díobhálach don chomhshaol agus fóirdheontais fuinnimh eile atá díobhálach don chomhshaol (arna sainaithint trí thuairisciú faoi Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide) (Réimse saorthéacs, moltar 1 000 carachtar ar a mhéad.) ii. fóirdheontais neamhfhuinnimh atá díobhálach don chomhshaol arna sainaithint i gcomhréir leis an treoirdhoiciméad arna fhorbairt i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/591 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030. (Réimse saorthéacs, moltar 1 000 carachtar ar a mhéad.)

	iii. léiriú eile ar na fóirdheontais a mbíonn tionchar diúltach acu ar chomhlíonadh na spriocanna agus ar chomhlíonadh oibleagáidí an Rialacháin (roghnach) (Réimse saorthéacs, moltar 1 000 carachtar ar a mhéad.) b) Léiriú saor (Réimse saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad.)
5. **Réimsí a bhaineann le faireachán, measúnú éifeachtachta agus athbhreithniú na mbeart**	
5.1. Tuairisc ar an bhfaireachán ar bhail (agus ar threocht) gnáthóg agus ar cháilíocht (agus ar threocht) ghnáthóga na speiceas i limistéir atá faoi réir athchóiriú i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 (Airteagal 15(3)(p))	a) tuairisc thrasnach (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) Tuairisc a bhaineann go sonrach le hAirteagal 4 (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad, roghnach) c) Tuairisc a bhaineann go sonrach le hAirteagal 5 (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad, roghnach)
5.2. Tuairisc ar an bpróiseas chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(p))	a) tuairisc thrasnach (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) tuairisc a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh an t-airteagal nó na hairteagail (roghnach, roghnaigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal) c) tuairisc a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
5.3. Cur chuige i leith athbhreithniú ar na bearta (Airteagal 15(3)(p))	a) tuairisc thrasnach (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) tuairisc a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh an t-airteagal nó na hairteagail (roghnach, roghnaigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal) c) tuairisc a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
5.4. Tásca maidir leis na forálacha chun éifeachtaí leanúnacha, fadtéarmacha agus marthanacha na mbeart athchóiriúcháin a áirithiú (Airteagal 15(3)(q))	a) cur síos trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) tuairisc a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh an t-airteagal nó na hairteagail (roghnach, roghnaigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal) c) tuairisc a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad (roghnach)
5.5. Tásca maidir leis na córais faireacháin ar bhearta athchóiriúcháin, lena n-áirítear an chaoi a n-oibríonn siad ar bhonn bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografaí, agus an chaoi a n-uasmhéadaíonn siad an rochtain ar shonraí agus ar sheirbhísí ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí in situ, nó sonraí eolaíochta saoránach, agus an úsáid a bhaintear astu, agus leas á bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an intleacht shaorga, ardanailís agus ardphróiseáil sonraí (Airteagal 20(9)) (roghnach)	a) cur síos trasnaí (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) tuairisc a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh an t-airteagal nó na hairteagail (roghnaigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal) c) tuairisc a bhaineann go sonrach le hairteagal – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

Cuid B – **Cur chuige náisiúnta chun spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí a chomhlíonadh, de réir airteagail**	
6. **Éiceachórais talún, chósta agus fionnuisce a athchóiriú (Airteagal 4)**	
6.1. **Cur chuige náisiúnta agus faisnéis chomhthéacsúil**	
6.1.1. **Cur chuige náisiúnta**	
6.1.1.1. Forbhreathnú tuairisciúil ar chur chuige an Bhallstáit maidir le spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí le haghaidh éiceachórais talún, chósta agus fionnuisce a chomhlíonadh, ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí (Airteagal 15(3)c) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad.
6.1.2. **Faisnéis chomhthéacsúil faoi chineálacha gnáthóige (Airteagal 4(1), (4) agus (9))**	
6.1.2.1. Achar iomlán na gcineálacha gnáthóige	Sonraigh ceann amháin díobh seo a leanas (in km²): a) an meastachán is fearr nó raon ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2013-2018) b) an meastachán is fearr nó raon ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2019-2024) c) an meastachán is fearr nó raon ó fhoinse sonraí eile má roghnaítear c), sonraigh an fhoinse, an modh agus an t-údar (saor théacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)
6.1.2.2. Achar iomlán na gcineálacha gnáthóige ‘nach bhfuil dea-bhail air’	Sonraigh ceann amháin díobh seo a leanas (in km²): a) an meastachán is fearr nó raon ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2013-2018) b) an meastachán is fearr nó raon ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2019-2024) c) an meastachán is fearr nó raon ó fhoinse sonraí eile má roghnaítear c), sonraigh an fhoinse, an modh agus an t-údar (saor théacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)
6.1.2.3. Limistéar iomlán na gcineálacha gnáthóige a bhfuil bail ‘anaithnid’ orthu	Sonraigh ceann amháin díobh seo a leanas (in km²): a) an meastachán is fearr nó raon ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2013-2018) b) an meastachán is fearr nó raon ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2019-2024) c) an meastachán is fearr nó raon ó fhoinse sonraí eile má roghnaítear c), sonraigh an fhoinse, an modh agus an t-údar (saor théacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)
6.1.2.4. An limistéar iomlán atá le hathbhunú chun limistéir thagartha fhabhracha a bhaint amach	Sonraigh ceann amháin díobh seo a leanas (in km²): a) an meastachán is fearr nó raon ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2013-2018) b) an meastachán is fearr nó raon ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2019-2024) c) an meastachán is fearr nó raon ó fhoinse sonraí eile má roghnaítear c), sonraigh an fhoinse, an modh agus an t-údar (saor théacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)

6.1.3. **Na limistéir íosta atá le hathchóiriú**	
Is féidir na réimsí seo a leanas a réamhlíonadh, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear i réimsí faoi 6.1.2.	
6.1.3.1. An limistéar íosta atá le feabhsú i gcás gach cineáil gnáthóige (Airteagal 4(1))	a) faoi 2030 (an meastachán is fearr nó raon in km², a chomhfhreagraíonn do 30 % de luach iomlán réimse 6.1.2.2) b) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon in km², 60 % de luach iomlán réimse 6.1.2.2)* c) faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon in km², 90 % de luach iomlán réimse 6.1.2.2)* * *Maidir le b) agus c), agus an plean athchóirithe á tharraingt suas agus i nuashonruithe breise, cuir san áireamh na limistéir uile arb eol 'nach bhfuil dea-bhail orthu' (e.g. nuair a dhéantar athbhreithniú ar an bplean, ba cheart limistéir nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe sin faoin tráth sin agus arb eol 'nach bhfuil dea-bhail orthu' a áireamh).*
6.1.3.2. Limistéar íosta atá le hathbhunú i gcás gach cineáil gnáthóige (Airteagal 4(4))	a) faoi 2030 (an meastachán is fearr nó raon in km², a chomhfhreagraíonn do 30 % de luach iomlán réimse 6.1.2.4) b) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon in km², 60 % de luach iomlán réimse 6.1.2.4) c) faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon in km², 100 % de luach iomlán réimse 6.1.2.4)
6.1.3.3. Limistéar íosta nach mór an bhail atá air a bheith ar eolas maidir le gach cineál gnáthóige (Airteagal 4(9))	a) faoi 2030 (an meastachán is fearr nó raon in km², a chomhfhreagraíonn do 90 % de luach iomlán réimse 6.1.2.1) b) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon in km², a chomhfhreagraíonn do 100 % de luach iomlán réimse 6.1.2.1)
6.2. **Plean athchóirithe spriocdhírithe**	
6.2.1. **Maolú ar bhonn Airteagal 4(2)**	
6.2.1.1. Cur i bhfeidhm an mhaolaithe a leagtar síos in Airteagal 4(2)	Tá/Níl
6.2.1.2. Má tá, sonraigh na cineálacha gnáthóige an-choitianta agus forleathana, lena gcumhdaítear níos mó ná 3 % de chríoch Eorpach an Bhallstáit, atá eisiata faoi Airteagal4(2)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na ngnáthóg
6.2.1.3. Sonraigh, le haghaidh gach cineáil gnáthóige an-choitianta agus fhorleathain a sainaithníodh, an céatadán measta a roghnaíodh de bhun Airteagal 4(2) agus an limistéar faoi seach le haghaidh 2050	a) céatadán idir 80 % agus 90 % den limistéar a mheastar 'nach bhfuil dea-bhail air' agus atá le feabhsú faoi 2050 b) an t-achar dromchla atá le feabhsú faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon, in km²)
6.2.1.4. Maidir le gach cineál gnáthóige an-choitianta agus forleathan, tabhair údar leis an gcaoi nach gcuireann na céatadáin a socraíodh cosc ar stádas caomhantais fabhrach an chineáil gnáthóige a bhaint amach nó a choinneáil ar bun (Airteagal 15(3)(e))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad.

6.2.2. **Feabhas a chur ar an mbail atá ar ghnáthóga faoi 2030 (Airteagal 4(1)(a))**	
I gcás gach cineáil gnáthóige in Iarscríbhinn I den Rialachán **le chéile**, ba cheart an roinn seo a leanas a líonadh isteach:	
6.2.2.1. Grúpaí gnáthóg (agus, go roghnach, cineálacha) atá faoi réir bearta athchóiriúcháin	a) sonraigh grúpa gnáthóg amháin nó níos mó ó chódliosta na ngrúpaí gnáthóg b) sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na ngnáthóg (roghnach)
6.2.2.2. Achar dromchla iomlán táscach na ngnáthóg atá faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	a) an meastachán is fearr (in km²) – a léiríonn 30 % ar a laghad d'achar iomlán na gcineálacha gnáthóige uile nach bhfuil dea-bhail air b) raon (in km², roghnach)
6.2.2.3. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairtí NUTS 3, eangaí 10x10 km, eangaí 1x1 km nó polagáin aonraithe
6.2.3. **Maolú ar bhonn Airteagal 4(5)**	
6.2.3.1. Úsáid an mhaolaithe a leagtar síos in Airteagal 4(5)	Tá/Níl
6.2.3.2. Má tá, sonraigh na cineálacha gnáthóige atá faoi mhaolú de réir Airteagal 4(5)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige
6.2.3.3. Sonraigh, le haghaidh gach cineáil gnáthóige a sainaithníodh, an céatadán níos ísle a roghnaíodh de bhun Airteagal 4(5) agus an limistéar lena mbaineann le haghaidh 2050	a) céatadán idir 90 % agus 100 % den limistéar atá le hathbhunú faoi 2050 b) an t-achar dromchla atá le hathbhunú faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon, in km²)
6.2.3.4. Maidir le gach cineál gnáthóige a shainaithnítear, tabhair údar leis an bhfáth nach féidir na bearta athchóiriúcháin is gá a chur i bhfeidhm faoi 2050 chun an limistéar tagartha fabhrach (LTF) den chineál gnáthóige sonrach a bhaint amach, agus tabhair údar leis an gcéatadán níos ísle (Airteagal 15(3)(b))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad.
6.2.4. **Limistéar gnáthóg a athbhunú go dtí 2030 (Airteagal 4(4))**	
I gcás **gach** grúpa de chineálacha gnáthóige in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán lena gceanglaítear limistéar a athbhunú, ba cheart an roinn seo a leanas a líonadh isteach agus an fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair á cur san áireamh.	
6.2.4.1. Grúpa gnáthóg	Roghnaigh grúpa gnáthóg amháin ó chódliosta na ngrúpaí gnáthóg

6.2.4.2. Limistéar tagartha fabhrach (LTF)	An meastachán is fearr nó raon (km²). Sonraigh ceann amháin díobh seo a leanas: a) Tuarascáil Airteagal 17 faoin Treoir maidir le Gnáthóga le haghaidh na tréimhse 2013-2018 b) Tuarascáil Airteagal 17 faoin Treoir maidir le Gnáthóga le haghaidh na tréimhse 2019-2024 c) Meastachán nó raon eile Má roghnaítear c), sonraigh an fhoinse, an modh agus an t-údar (saor théacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)
6.2.4.3. Liosta de chineálacha gnáthóige ina bhfuil an limistéar atá ann faoi láthair níos mó ná 2 % níos lú ná an LTF (i.e. na cineálacha gnáthóige a bhfuil bearta athbhunaithe ábhartha ina leith)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige a bhaineann leis an ngrúpa gnáthóg comhfhreagrach a roghnaíodh i réimse 6.2.4.1
6.2.4.4. Cineálacha gnáthóige atá faoi réir bearta athbhunaithe go dtí 2030 (roghnach)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige a bhaineann leis an ngrúpa gnáthóg comhfhreagrach a roghnaíodh i réimse 6.2.4.1.
6.2.4.5. An t-achar dromchla iomlán táscach atá faoi réir bearta athbhunaithe go dtí 2030	a) an meastachán is fearr (in km²), arb éard atá ann 30 % ar a laghad den achar dromchla breise is gá chun an limistéar tagartha fabhrach iomlán le haghaidh an ghrúpa gnáthóg chomhfhreagraigh a bhaint amach b) raon (in km², roghnach)
6.2.4.6. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km, eangaí 1x1 km, nó polagáin aonraithe
6.2.5. **Gnáthóga speiceas a athchóiriú go dtí 2030 (Airteagal 4(7))**	
Le haghaidh gach speicis nó grúpa speiceas a shainaithnítear i réimse 6.2.5.1, ba cheart na réimsí ina dhiaidh sin sa roinn seo a líonadh isteach.	
6.2.5.1. Speicis nó grúpa speiceas ar gá a ngnáthóg a athchóiriú de réir Airteagal 4(7)	Sonraigh speiceas amháin nó níos mó (i.e. cruthaigh grúpa speiceas) ó chódliosta na speiceas ó Threoracha 92/43/CEE (an Treoir maidir le Gnáthóga) agus 2009/147/CE (an Treoir maidir le hÉin)
6.2.5.2. Gnáthóg an speicis nó an ghrúpa speiceas a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu (agus gnáthóg nach gcumhdaítear le ranna a bhaineann le hAirteagal 4(1) ná (4))	Sonraigh cineál éiceachórais amháin nó níos mó ón gcódliosta seo a leanas: a) éiceachórais bhogaigh (chósta agus intíre) b) éiceachórais féaraigh c) éiceachórais abhann, locha, ghláracha agus bhruachánacha d) éiceachórais foraoise agus choillearnaí e) éiceachórais fraochmhá, toir agus scrobarnaí f) éiceachórais charraigeacha, duimhche agus fásra scáinte g) talamh curaíochta h) éiceachórais uirbeacha i) éiceachórais mhuirí j) éiceachórais eile

6.2.5.3. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	In km² a) an meastachán is fearr faoi 2030 b) raon faoi 2030 (roghnach)
6.2.5.4. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km, eangaí 1x1 km nó polagáin aonraithe
6.2.6. **Bearnaí eolais a dhúnadh go dtí 2030 (Airteagal 4(9))**	
6.2.6.1. An sciar den limistéar nach eol an bhail atá air i gcás gach cineáil gnáthóige le chéile	An meastachán is fearr nó raon. Céatadán le haghaidh gach cineáil gnáthóige. Rogha réamhlíonta bunaithe ar shonraí ó réimsí 6.1.2.1 agus 6.1.2.3.
6.2.6.2. Cur chuige agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais maidir le bail limistéar na gcineálacha gnáthóige	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
6.3. **Spriocanna tar éis mhí an Mheithimh 2032 agus forbhreathnú straitéiseach (Airteagal 15(2))**	
6.3.1. **Feabhas a chur ar an mbail atá ar an ngnáthóg faoi 2040 agus 2050 (Airteagal 4(1)(b))**	
I gcás **gach** grúpa de chineálacha gnáthóige, ba cheart an roinn (6.3.1) seo a leanas a líonadh isteach agus an fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair agus meastacháin á gcur san áireamh. Chun forbhreathnú straitéiseach a sholáthar, féadfar raonta a sholáthar agus tá réimsí áirithe roghnach.	
6.3.1.1. Grúpa gnáthóg	Sonraigh grúpa gnáthóg amháin ó chódliosta na ngrúpaí gnáthóg
6.3.1.2. Achar dromchla nach bhfuil dea-bhail air le haghaidh chineálacha gnáthóige an ghrúpa gnáthóg	Sonraigh an meastachán is fearr nó raon ó cheann de na foinsí seo a leanas (in km²): a) luach ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2013-2018) b) luach ó shonraí Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga (2019-2024) c) luach ó fhoinse sonraí eile má roghnaítear c), ba cheart údar agus foinse sonraí a shonrú (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)
6.3.1.3. Cineálacha gnáthóige táscacha atá faoi réir bearta athchóiriúcháin (roghnach)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige a) faoi 2040 b) faoi 2050
6.3.1.4. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	a) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon, in km²) b) faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon, in km²)

6.3.1.5. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Le haghaidh a) agus b), faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km, eangaí 1x1 km nó polagáin aonraithe) a) faoi 2040 b) faoi 2050
6.3.2. **Limistéar gnáthóg a athbhunú go dtí 2040 agus 2050**	
I gcás **gach** grúpa de chineálacha gnáthóige, ba cheart an roinn (6.3.2) seo a leanas a líonadh isteach agus an fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair agus meastacháin á gcur san áireamh. Chun forbhreathnú straitéiseach a sholáthar, féadfar raonta a sholáthar agus tá réimsí áirithe roghnach.	
6.3.2.1. Grúpa gnáthóg	Sonraigh grúpa gnáthóg amháin ó chódliosta na ngrúpaí gnáthóg
6.3.2.2. Cineálacha gnáthóige táscacha atá faoi réir bearta athbhunaithe (roghnach)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige. a) faoi 2040 b) faoi 2050
6.3.2.3. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athbhunaithe (Airteagal 15(3)(a))	a) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon, in km²) b) faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon, in km²)
6.3.2.4. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Le haghaidh a) agus b), faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km, eangaí 1x1 km nó polagáin aonraithe) a) faoi 2040 b) faoi 2050
6.3.3. **Gnáthóga speiceas a athchóiriú go dtí 2050 (Airteagal 4(7))**	
Le haghaidh gach speicis nó grúpa speiceas a shainaithnítear i réimse 6.2.5.1, ba cheart na réimsí ina dhiaidh sin sa roinn seo a líonadh isteach.	
6.3.3.1. Achar dromchla iomlán táscach atá faoi réir bearta athchóiriúcháin (roghnach)	In km² a) an meastachán is fearr faoi 2040 b) an meastachán is fearr faoi 2050 c) raon faoi 2040 d) raon faoi 2050
6.3.3.2. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km, eangaí 1x1 km nó polagáin aonraithe a) faoi 2040 b) faoi 2050
6.3.4. **Bearnaí eolais a dhúnadh go dtí 2040 (Airteagal 4(9))**	
6.3.4.1. Cur chuige agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais maidir le bail limistéar na gcineálacha gnáthóige go dtí 2040 (100 %) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

6.4. **Bearta chun meathlú suntasach a chosc (Airteagal 15(3)(f), (g) agus (h))**	
6.4.1. Cur chuige maidir le (i) meathlú suntasach a chosc i limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin agus ina bhfuil dea-bhail bainte amach agus ina bhfuil cáilíocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas bainte amach; agus (ii) feabhas leanúnach a áirithiú ar bhail na limistéar atá faoi réir bearta athchóiriúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 4(11) (Airteagal 15(3)(f))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
6.4.2. Cur chuige i leith cosc a chur ar mheathlú suntasach ar limistéir ina bhfaightear na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán agus ar limistéir a bhfuil dea-bhail orthu nó ar gá iad chun na spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 4(12) (Airteagal 15(3)(h))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
6.4.3. Nuair a chuirtear Airteagal 4(13) i bhfeidhm, tabhair míniú ar chóras na mbeart cúiteach, faireachán agus tuairisciú ar mheathlú (Airteagal 15(3)(g)(i))	Sonraigh a) agus/nó b), ach tá c) agus d) sainordaitheach: a) Cineál gnáthóige a gcuirtear Airteagal 4(13) i bhfeidhm air (sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige) b) Gnáthóg an speicis (sonraigh éiceachóras amháin nó níos mó ó chódliosta na n-éiceachóras) c) Réigiún bithgheografach le haghaidh gach cineáil gnáthóige nó gnáthóige den speiceas d) Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
6.4.4. Nuair a chuirtear Airteagal 4(13) i bhfeidhm, tabhair míniú ar conas a áirithiú nach ndéanfaidh sé sin difear do bhaint amach na spriocanna (Airteagal 15(3)(g)(ii))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
Chun na bearta athchóiriúcháin a bhaineann le hAirteagal 4 a shonrú, bain úsáid as Cuid C	

7. **Éiceachórais mhuirí a athchóiriú (Airteagal 5)**
Ní thuairiscíonn Ballstáit thalamhiata ar roinn '7. Éiceachórais mhuirí a athchóiriú (Airteagal 5)'. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as Faisnéis Bhreise II den phlean seo chun an roinn seo a chomhlánú le faisnéis faoi chineálacha sonracha gnáthóige.

7.1. **Cur chuige náisiúnta agus faisnéis chomhthéacsúil**	
7.1.1. **Cur chuige náisiúnta**	
7.1.1.1. Forbhreathnú tuairisciúil ar chur chuige an Bhallstáit maidir le spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí le haghaidh éiceachórais mhuirí a chomhlíonadh, ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí (Airteagal 15(3)c) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
7.1.2. **Faisnéis chomhthéacsúil faoi chineálacha gnáthóige (Airteagal 5(1), Airteagal 5(2) agus 5(7))**	
7.1.2.1. Limistéar iomlán le haghaidh gach cineáil gnáthóige laistigh de gach grúpa ó 1-6 (roghnach)	I gcás gach grúpa gnáthóg 1 go 6, sonraigh an meastachán is fearr nó raon, in km² a) Grúpa 1 'leapacha féir mara' b) Grúpa 2 'foraoisí macra-algacha' c) Grúpa 3 'leapacha sliogéisc' d) Grúpa 4 'leapacha méarla' e) Grúpa 5 'leapacha spúinse, coiréil agus choiréilíneacha' f) Grúpa 6 'craois agus púscadh'
7.1.2.2. Achar iomlán gach cineáil gnáthóige i ngrúpaí 1-6	An meastachán is fearr nó raon (km²)
7.1.2.3. Achar iomlán na gcineálacha gnáthóige i ngrúpa 7 'dríodair bhoga' (nach doimhne ná 1 000 méadar ar doimhneacht)	An meastachán is fearr nó raon (km²)
7.1.2.4. Limistéar iomlán na gcineálacha gnáthóige 'nach bhfuil dea-bhail air' ó ghrúpaí 1-6	An meastachán is fearr nó raon (km²)
7.1.2.5. Limistéar iomlán na gcineálacha gnáthóige 'nach bhfuil dea-bhail air' ó ghrúpa 7	An meastachán is fearr nó raon (km²)
7.1.2.6. Limistéar iomlán le hathbhunú chun limistéir thagartha fhabhracha de chineálacha gnáthóige i ngrúpaí 1-6 a bhaint amach	An meastachán is fearr nó raon (km²)
7.1.2.7. Limistéar iomlán na gcineálacha gnáthóige a bhfuil bail 'anaithnid' air ó ghrúpaí 1-6	An meastachán is fearr nó raon (km²)
7.1.2.8. Limistéar iomlán na gcineálacha gnáthóige a bhfuil bail 'anaithnid' air ó ghrúpa 7	An meastachán is fearr nó raon (km²)

7.1.3. **Na limistéir íosta atá le hathchóiriú**	
Is féidir na réimsí seo a leanas a réamhlíonadh, ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh i réimsí 7.1.2.	
7.1.3.1. An limistéar íosta atá le feabhsú maidir le gach cineál gnáthóige i ngrúpaí 1-6 (Airteagal 5(1))	a) faoi 2030 (an meastachán is fearr nó raon in km², 30 % ar a laghad de réimse 7.1.2.4) b) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon in km², 60 % ar a laghad de réimse 7.1.2.4)* c) faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon in km², 90 % ar a laghad de réimse 7.1.2.4)* * *Maidir le b) agus c), agus an plean athchóirithe á tharraingt suas agus i nuashonruithe breise, ba cheart na limistéir uile arb eol 'nach bhfuil dea-bhail orthu' a chur san áireamh (e.g. nuair a dhéantar athbhreithniú ar an bplean, ba cheart limistéir nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe sin faoin tráth sin agus arb eol 'nach bhfuil dea-bhail orthu' a áireamh). Ina theannta sin, tabhair faoi deara gurb é an spriocluach anseo suim gach cineáil gnáthóige i ngrúpaí 1-6 le chéile, agus tagraíonn Airteagal 5(1)b do chéatadáin gach grúpa de chineálacha gnáthóige nach bhfuil dea-bhail orthu.*
7.1.3.2. An limistéar íosta a bheidh le feabhsú i gcás gach cineáil gnáthóige i ngrúpa 7 (Airteagal 5(1)(c) agus (d))	a) faoi 2040 (dhá thrian ar a laghad den luach nó den raon a shonraítear i bpointe b), in km²) b) faoi 2050 (in km²)* * *Comhfhreagraíonn an luach seo don chéatadán a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 14(3).*
7.1.3.3. Limistéar íosta le hathbhunú i gcás gach cineáil gnáthóige ó ghrúpaí 1-6 (Airteagal 5(2))	In km², arna ríomh ar bhonn chéatadán luach iomlán réimse 7.1.2.6 a) faoi 2030 (an meastachán is fearr nó raon, in km², 30 %) b) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon, in km², 60 %) c) faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon, in km², 100 %) *Tabhair faoi deara gurb é an spriocluach anseo suim gach cineáil gnáthóige i ngrúpaí 1-6 le chéile chun críoch na hachoimre seo, agus tagraíonn Airteagal 5(2) do luachanna gach grúpa de chineálacha gnáthóige chun a limistéir thagartha fhabhracha a bhaint amach.*
7.1.3.4. Limistéar íosta nach mór an bhail atá ar gach cineál gnáthóige i ngrúpaí 1-6 a bheith ar eolas ina leith (Airteagal 5(7))	In km², arna ríomh mar chéatadán de luach iomlán réimse 7.1.2.2 a) faoi 2030 (an meastachán is fearr nó raon, in km², 50 %) b) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon, in km², 100 %)
7.1.3.5. Limistéar íosta nach mór an bhail atá ar gach cineál gnáthóige i ngrúpa 7 a bheith ar eolas ina leith (Airteagal 5(7))	In km², arna ríomh mar chéatadán de luach iomlán réimse 7.1.2.3 a) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon in km², 50 % ar a laghad) b) faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon, in km², 100 %)
7.1.4. **Forbhreathnú ar na bearta atá nasctha leis an gcomhbheartas iascaigh (Airteagal 15(4) agus 18)**	
7.1.4.1. Achoimre ar bhearta atá beartaithe, lena n-áirítear na bearta sin nach mór moltaí comhpháirteacha a chur isteach ina leith, faoin gcomhbheartas iascaigh (CBI) i gcás inarb infheidhme (Airteagal 15(4))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

7.2. **Plean athchóirithe spriocdhírithe**	
7.2.1. **Feabhas a chur ar bhail na ngnáthóg faoi 2030 (Airteagal 5(1))**	
I gcás **gach** grúpa gnáthóg 1-6 a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán le chéile, ba cheart an roinn thíos a líonadh isteach. Féadfar faisnéis shonrach maidir le cineálacha gnáthóige aonair a shonrú i bhFaisnéis Bhreise II ('Faisnéis de réir an chineáil gnáthóige mara').	
7.2.1.1. Grúpaí gnáthóg (agus, go roghnach, cineálacha gnáthóige) atá faoi réir bearta athchóiriúcháin	a) Sonraigh grúpa gnáthóg amháin nó níos mó ó chódliosta na ngrúpaí gnáthóg 1-6. b) Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige ó ghrúpaí 1-6 (roghnach)
7.2.1.2. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	a) an meastachán is fearr, in km² (ba cheart gurb éard atá ann 30 % ar a laghad d'achar iomlán na gcineálacha gnáthóige uile nach bhfuil dea-bhail air) b) raon, in km² (roghnach)
7.2.1.3. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe
7.2.2. **Maolú faoi Airteagal 5(3)**	
7.2.2.1. An gcuireann an Ballstát an maolú a leagtar síos in Airteagal 5(3) i bhfeidhm?	Cuireann/Ní chuireann
7.2.2.2. Má chuireann, sonraigh na cineálacha gnáthóige a bhfuil feidhm ag an maolú maidir leo	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige ó ghrúpaí 1-6
7.2.2.3. Sonraigh, le haghaidh gach cineáil gnáthóige a sainaithníodh, na céatadáin mheasta a roghnaíodh de bhun Airteagal 5(3) agus an limistéar lena mbaineann	a) an céatadán den limistéar atá le hathbhunú faoi 2030 b) an céatadán den limistéar atá le hathbhunú faoi 2040 c) an céatadán den limistéar atá le hathbhunú faoi 2050 d) an t-achar dromchla atá le hathbhunú faoi 2050 (in km²)
7.2.2.4. I gcás gach cineál gnáthóige, tabhair údar leis an bhfáth nach féidir na bearta athchóiriúcháin is gá a chur i bhfeidhm faoi 2050 chun an LTF a bhaint amach ar 100 % den chineál gnáthóige sonrach, agus tabhair údar leis an gcéatadán níos ísle (Airteagal 15(3)(b))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

7.2.3. **Limistéar gnáthóg a athbhunú go dtí 2030 (Airteagal 5(2))**	
I gcás **gach** grúpa gnáthóg (1-6), ba cheart na réimsí seo a leanas a líonadh isteach. Féadfar faisnéis shonrach maidir le cineálacha gnáthóige aonair a shonrú i bhFaisnéis Bhreise II 'Faisnéis de réir an chineáil gnáthóige mara'.	
7.2.3.1. Grúpa gnáthóg	Roghnaigh grúpa gnáthóg amháin ó chódliosta na ngrúpaí gnáthóg (1-6)
7.2.3.2. Limistéar tagartha fabhrach (LTF)	An meastachán is fearr nó raon (km^2)
7.2.3.3. Modheolaíocht agus foinse sonraí le haghaidh LTF	Saorthéacs, 3 000 carachtar ar a mhéad
7.2.3.4. Liosta de chineálacha gnáthóige ina bhfuil an limistéar atá ann faoi láthair níos mó ná 2 % níos lú ná an LTF (i.e. na cineálacha gnáthóige a bhfuil bearta athbhunaithe ábhartha ina leith)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó a bhaineann leis an ngrúpa gnáthóg ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige
7.2.3.5. Cineálacha gnáthóige atá faoi réir bearta athbhunaithe go dtí 2030 (roghnach)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó a bhaineann leis an ngrúpa gnáthóg comhfhreagrach ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige
7.2.3.6. An t-achar dromchla iomlán táscach atá faoi réir bearta athbhunaithe go dtí 2030	a) an meastachán is fearr, in km^2 – ba cheart 30 % ar a laghad den achar dromchla breise is gá chun an limistéar tagartha fabhrach iomlán a bhaint amach le haghaidh an ghrúpa chomhfhreagraigh de chineálacha gnáthóige a bheith i gceist leis b) raon, in km^2 (roghnach)
7.2.3.7. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe
7.2.4. **Gnáthóga speiceas a athchóiriú go dtí 2030 (Airteagal 5(5))**	
Le haghaidh gach speicis nó grúpa speiceas a shainaithnítear i réimse 7.2.4.1, ba cheart na réimsí ina dhiaidh sin sa roinn seo a líonadh isteach.	
7.2.4.1. Speicis nó grúpa speiceas ar gá a ngnáthóg a athchóiriú de réir Airteagal 5(5)	Sonraigh speiceas amháin nó níos mó (i.e. cruthaigh grúpa speiceas) ó chódliosta na speiceas a liostaítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán.
7.2.4.2. Gnáthóg an speicis nó an ghrúpa speiceas a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu	Sonraigh gnáthóg amháin nó níos mó ó chódliosta ghnáthóga mara an Chórais Faisnéise Eorpaigh maidir leis an Dúlra (EUNIS)
7.2.4.3. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	In km^2 a) an meastachán is fearr faoi 2030 b) raon faoi 2030 (roghnach)

7.2.4.4. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe
7.2.5. **Bearnaí eolais a dhúnadh go dtí 2030 (Airteagal 5(7))**	
Maidir le **gach** grúpa gnáthóg comhfhreagrach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán le chéile, ba cheart an roinn thíos a líonadh isteach (Airteagal 15(3)(d)).	
7.2.5.1. Cur chuige i leith aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais maidir leis an mbail atá ar chineálacha gnáthóige i ngrúpaí 1-6 go dtí 2030 (50 % ar a laghad)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad.
7.2.5.2. Liosta de chineálacha gnáthóige ó ghrúpaí 1-6 nach eol an bhail atá orthu (Airteagal 5(7)(a)) a ndíreofar orthu chun bearnaí eolais a dhúnadh faoi 2030	Roghnaigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ón gcódliosta de chineálacha gnáthóige ó ghrúpaí 1-6
7.3. **Spriocanna tar éis mhí an Mheithimh 2032 agus forbhreathnú straitéiseach (Airteagal 15(2))**	
7.3.1. **Feabhas a chur ar bhail na ngnáthóg faoi 2040 agus 2050 (Airteagal 5(1))**	
Le haghaidh gach grúpa gnáthóg (1-7), ba cheart an Roinn thíos a líonadh isteach agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: (i) an fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair arna bailiú faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí; agus (ii) measteacháin. Féadfar faisnéis shonrach maidir le cineálacha gnáthóige aonair a shonrú i bhFaisnéis Bhreise II 'Faisnéis de réir an chineáil gnáthóige mara'.	
7.3.1.1. Grúpa gnáthóg	Roghnaigh grúpa gnáthóg amháin ón gcódliosta de ghrúpaí gnáthóg 1-7
7.3.1.2. Achar dromchla nach bhfuil dea-bhail air le haghaidh an ghrúpa gnáthóg	An measteachán is fearr nó raon, in km^2
7.3.1.3. Cineálacha gnáthóige táscacha atá faoi réir bearta athchóiriúcháin (roghnach)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na ngnáthóg a bhaineann leis an ngrúpa gnáthóg comhfhreagrach a) faoi 2040 b) faoi 2050
7.3.1.4. Achar dromchla iomlán táscach atá faoi réir bearta athchóiriúcháin	In km^2 a) an measteachán is fearr nó raon faoi 2040 b) an measteachán is fearr nó raon faoi 2050
7.3.1.5. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (roghnach)	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe a) faoi 2040 b) faoi 2050

7.3.2. **Limistéar gnáthóg a athbhunú go dtí 2040 agus 2050 (Airteagal 5(2))**	
I gcás **gach** grúpa gnáthóg (1-6), ba cheart na réimsí seo a leanas a líonadh isteach. Féadfar faisnéis shonrach maidir le cineálacha gnáthóige aonair a shonrú i bhFaisnéis Bhreise II den fhormáid seo ('Faisnéis de réir an chineáil gnáthóige mara').	
7.3.2.1. Grúpa gnáthóg	Roghnaigh grúpa gnáthóg amháin ón gcódliosta de ghrúpaí gnáthóg 1-6
7.3.2.2. Cineálacha gnáthóige táscacha atá faoi réir bearta athchóiriúcháin (roghnach)	Sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó a bhaineann leis an ngrúpa gnáthóg comhfhreagrach a) faoi 2040 b) faoi 2050
7.3.2.3. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athbhunaithe (Airteagal 15(3)(a))	a) faoi 2040 (an meastachán is fearr nó raon, in km²) b) faoi 2050 (an meastachán is fearr nó raon, in km²)
7.3.2.4. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Maidir le a) agus b), faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar eangaí 10x10 km, eangaí 1x1 km nó polagáin aonraithe) a) faoi 2040 b) faoi 2050
7.3.3. **Gnáthóga speiceas a athchóiriú go dtí 2050 (Airteagal 5(5))**	
Le haghaidh gach speicis nó grúpa speiceas a shainaithnítear i réimse 7.2.4.1, ba cheart na réimsí ina dhiaidh sin sa roinn seo a líonadh isteach.	
7.3.3.1. Achar dromchla iomlán táscach atá faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	In km² a) an meastachán is fearr faoi 2040 b) an meastachán is fearr faoi 2050 c) raon faoi 2040 d) raon faoi 2050
7.3.3.2. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe a) faoi 2040 b) faoi 2050
7.3.4. **Bearnaí eolais a dhúnadh go dtí 2040 agus 2050 (Airteagal 5(7))**	
Maidir le **gach** grúpa gnáthóg comhfhreagrach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán le chéile, ba cheart an roinn thíos a líonadh isteach (Airteagal 15(3)(d)).	
7.3.4.1. Cur chuige i leith aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais maidir leis an mbail atá ar chineálacha gnáthóige i ngrúpaí 1-6 go dtí 2040 (100 %) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar an ceann ar a mhéad
7.3.4.2. Cur chuige i leith aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais maidir leis an mbail atá ar chineálacha gnáthóige ghrúpa 7 (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar an ceann ar a mhéad a) go dtí 2040 (50 % ar a laghad) b) go dtí 2050 (100 %)

7.3.4.3. Liosta de chineálacha gnáthóige ó ghrúpa 7 nach eol an bhail atá orthu (Airteagal 5(7)(c)) a ndíreofar orthu chun bearnaí eolais a dhúnadh faoi 2040 (roghnach)	Roghnaigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige ó ghrúpa 7
7.4. **Bearta chun meathlú suntasach a chosc (Airteagal 15(3)(f) agus (h))**	
7.4.1. Cur chuige i leith: (i) meathlú suntasach ar limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin a chosc, ar limistéir iad inar baineadh dea-bhail amach agus inar baineadh cáilíocht leordhóthanach amach maidir le gnáthóga na speiceas; agus (ii) feabhas leanúnach a áirithiú ar bhail na limistéar atá faoi réir bearta athchóiriúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 5(9) (Airteagal 15(3)(f))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
7.4.2. Cur chuige a bhfuil an aidhm leis i gcomhréir le hAirteagal 5(10) chun cosc a chur ar mheathlú suntasach ar limistéir ina bhfaightear na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán agus ar limistéir a bhfuil dea-bhail orthu nó a bhfuil gá leo chun an sprioc a bhaint amach (Airteagal 15(3)(h))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
Chun na bearta atá ábhartha don sprioc sin a líonadh isteach, bain úsáid as Cuid C	

8. **Éiceachórais uirbeacha (Airteagal 8)**	
8.1. **Cur chuige náisiúnta agus faisnéis chomhthéacsúil**	
8.1.1. **Cur chuige náisiúnta**	
8.1.1.1. Cur chuige náisiúnta chun spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí le haghaidh éiceachórais uirbeacha a chomhlíonadh, ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí (Airteagal 15(3)(c)) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
8.1.2. **Limistéir éiceachórais uirbigh a chinneadh (Airteagal 8(1) agus 14(4))**	
Ní mór do na Ballstáit limistéir éiceachórais uirbigh a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna Airteagal 8. Is féidir cathracha nó bailte agus bruachbhailte iomlána a shainiú go díreach bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil ó EUROSTAT. Má chinneann an Ballstát cur chuige eile a úsáid i leith limistéir éiceachórais uirbigh, ní mór do na Ballstáit faisnéis bhreise a sholáthar.	

8.1.2.1. An cineál limistéir éiceachórais uirbigh a roghnaíodh	Sonraigh ceann amháin de na roghanna seo a leanas: a) cathracha nó bailte agus bruachbhailte iomlána, i ngach cás b) limistéar éiceachórais uirbigh amháin ar a laghad lena n-áirítear codanna den chathair nó den bhaile agus den bhruachbhaile, lena n-áirítear ar a laghad a lárionaid uirbeacha agus a bhraislí uirbeacha (d'fhéadfadh meascán de chásanna a bheith i gceist leis an rogha seo, i gcás ina n-áirítear i limistéir éiceachórais uirbigh áirithe sa Bhallstát an chathair, an baile agus an bruachbhaile agus nach n-áirítear i limistéir éiceachórais uirbigh eile ach codanna) Má roghnaítear 'b', ba cheart faisnéis i bhFaisnéis Bhreise III a sholáthar freisin.
8.1.2.2. Limistéir éiceachórais uirbigh chomhiomlánaithe	Tá/Níl Má roghnaítear 'tá', ba cheart faisnéis i bhFaisnéis Bhreise III a sholáthar freisin.
8.1.2.3. Má roghnaítear a) in 8.1.2.1., liosta ARÁnna a aicmítear mar 'cathair' nó 'baile agus bruachbhaile', de réir Airteagal 14(4)(a)	Liosta aitheantais GISCO na nARÁnna
8.1.2.4. Má roghnaítear b) in 8.1.2.1., léarscáil de limistéir éiceachórais uirbigh. Sa chás sin, ba cheart faisnéis i bhFaisnéis Bhreise III a sholáthar freisin.	Faisnéis gheospásúil
8.1.3. **Faisnéis chomhthéacsúil (Airteagal 8(1))**	
Na sonraí atá ann cheana i réimsí 8.1.3.2. agus 8.1.3.3., bheadh siad faoi réir an choinníll rogha mhalartach a) a roghnú i réimse 8.1.2.1., 'Níor úsáideadh' i réimse 8.1.3.1., agus nach léirítear aon chomhiomlánú LÉUnna i bhFaisnéis Bhreise III.	
8.1.3.1. Úsáideadh sonraí forlíontacha lasmuigh de Copernicus chun meastachán a dhéanamh ar spás glas uirbeach agus/nó clúdach téastair crann uirbeach, i gcomhréir le hAirteagal 3(20) agus (21)	Úsáideadh/Níor úsáideadh Má roghnaítear 'Úsáideadh', soláthair foinse agus meiteashonraí na sonraí forlíontacha, chomh maith le húdar lena n-áirítear comparáid le tacar sonraí Copernicus (saorthéacs, 3 000 carachtar ar a mhéad) Má roghnaítear 'Úsáideadh', déan an fhaisnéis gheospásúil lena mbaineann a sholáthar Má roghnaítear 'Úsáideadh', ba cheart faisnéis i bhFaisnéis Bhreise III a sholáthar freisin
8.1.3.2. Achar agus léarscáil den sciar náisiúnta de spás glas uirbeach i limistéir éiceachórais uirbigh tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin	a) achar in km^2 b) faisnéis gheospásúil

8.1.3.3. Achar agus léarscáil den chlúdach téastair crann náisiúnta i limistéir éiceachórais uirbeacha tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin	a) achar in km² b) faisnéis gheospásúil
8.1.3.4. Limistéir éiceachórais uirbigh a eisiamh ina bhfuil sciar an spáis ghlais uirbigh i lárionaid uirbeacha agus i mbraislí uirbeacha níos mó ná 45 % agus inar mó ná 10 % sciar an chlúdaigh téastair crann uirbigh (Airteagal 8(1))	Tá/Níl Má roghnaítear 'tá', ba cheart faisnéis i bhFaisnéis Bhreise III a sholáthar freisin.
8.1.4. **Leibhéil shásúla**	
ROINN 8.1.4. NEAMHBHAINTEACH LEIS AN gCÉAD PHLEAN	
8.2. **Plean athchóirithe spriocdhírithe**	
8.2.1. **Gan aon ghlanchaillteanas faoi 2030 (Airteagal 8(1))**	
Mura bhfuil gá le bearta chun 'gan aon ghlanchaillteanas' a bhaint amach, ní mór nialas a léiriú i réimse 8.2.1.1., agus níl gá le léarscáileanna táscacha.	
8.2.1.1. Achar dromchla iomlán táscach na talún atá faoi réir bearta athchóiriúcháin chun a áirithiú nach mbeidh aon ghlanchaillteanas ann (Airteagal 15(3)(a))	a) an meastachán is fearr in km² b) raon i km² (roghnach)
8.2.1.2. Limistéir tháscacha (léarscáileanna nó tuairisc ar) limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin chun an sprioc athchóirithe 'gan aon ghlanchaillteanas' a bhaint amach (Airteagal 15(3)(a))	Sonraigh a) agus/nó b) a) faisnéis gheospásúil b) saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
8.2.2. **Treochtaí méadaitheacha tar éis 2030 (Airteagal 8(2) agus (3))**	
8.2.2.1. Achar dromchla táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin chun treocht mhéadaitheach a bhaint amach i limistéar náisiúnta iomlán an spáis ghlais uirbigh (Airteagal 8(2))	An meastachán is fearr nó raon, in km² a) faoi 2040 (roghnach) b) faoi 2050
8.2.2.2. Léarscáileanna táscacha nó tuairisc ar limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin chun treocht mhéadaitheach a bhaint amach i limistéar náisiúnta iomlán an spáis ghlais uirbigh (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Sonraigh a) agus/nó b) a) Faisnéis gheospásúil b) saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

8.2.2.3. Achar dromchla táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin chun treocht mhéadaitheach a bhaint amach sa chlúdach téastair crann uirbeach le haghaidh gach limistéir éiceachórais uirbigh (Airteagal 8(3))	An meastachán is fearr nó raon, in km² a) faoi 2040 (roghnach) b) faoi 2050
8.2.2.4. Limistéir tháscacha (léarscáileanna nó tuairisc) atá faoi réir bearta athchóiriúcháin chun treocht mhéadaitheach a bhaint amach sa chlúdach téastair crann uirbeach le haghaidh gach limistéir éiceachórais uirbigh (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Sonraigh a) agus/nó b) a) Faisnéis gheospásúil b) saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
Chun na bearta atá ábhartha don sprioc seo a líonadh isteach, bain úsáid as Cuid C	

9. **Nascacht nádúrtha aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara a athchóiriú (Airteagal 9)**	
9.1. **Cur chuige náisiúnta**	
9.1.1. Cur chuige náisiúnta i leith spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le nascacht nádúrtha aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara, ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí (Airteagal 15(3)(c)) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
9.2. **Pleananna athchóirithe spriocdhírithe**	
Ní mór fardal na mbacainní saorga (Airteagal 15(3)(i)) agus liosta na mbacainní saorga atá le baint (Airteagal 15(3)(i)) a shonrú i bhFaisnéis Bhreise IV	
9.2.1. **Plean chun bacainní saorga a bhaint go dtí 2030 (Airteagal 9(2), Airteagal 15(3)(i))**	
9.2.1.1. Glanfhad iomlán táscach breise aibhneacha saorchúrsála atá le baint amach faoi 2030 mar thoradh ar bhacainní saorga atá ann cheana a bhaint ó 2020, agus caillteanas fad abhann saorchúrsála a bhaineann le bacainní nua a thógáil tar éis 2020 á chur san áireamh freisin (Airteagal 15(3)(i))	a) an meastachán is fearr ar ghlanchiliméadair a gheofar, agus baint na mbacainní atá ann cheana agus cruthú cinn nua araon á gcur san áireamh b) raon glanchiliméadar a gheofar agus baint na mbacainní atá ann cheana agus tógáil cinn nua araon á gcur san áireamh (roghnach) c) an meastachán is fearr ar km a gheofar trí bhacainní atá ann cheana a bhaint (roghnach) d) an meastachán is fearr ar km a chaillfear mar gheall ar thógáil bacainní nua (roghnach)

9.2.1.2. Léarscáil tháscach d'aibhneacha saorchúrsála a d'fhéadfadh a bheith ann atá le hathchóiriú ó 2020 go 2030 (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil arna soláthar i bhformáid veicteora, mar línte
9.2.1.3. An meastachán is fearr ar aibhneacha saorchúrsála in 2020	An meastachán is fearr, in km
9.2.1.4. Léarscáil tháscach de bhonnlíne aibhneacha saorchúrsála in 2020	Faisnéis gheospásúil arna soláthar i bhformáid veicteora, mar línte
9.2.2. **Feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha tuilemhánna gaolmhara go dtí 2030 (Airteagal 9(3))**	
9.2.2.1. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir na mbeart athchóiriúcháin is gá chun feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna lena mbaineann (Airteagal 15(3)(a) agus (i))	a) an meastachán is fearr, i km^2 b) raon, in km^2 (roghnach)
9.2.2.2. Léarscáil tháscach de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil arna soláthar i bhformáid veicteora, mar pholagáin aonraithe
9.2.3. **Nascacht nádúrtha aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara a chothabháil (Airteagal 9(4))**	
9.2.3.1. Achoimre ar na bearta atá beartaithe chun a áirithiú go gcoinneofar ar bun nascacht nádúrtha aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara arna n-athchóiriú (Airteagal 15(3)(i) agus Airteagal 9(4))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
9.3. **Spriocanna tar éis mhí an Mheithimh 2032 agus forbhreathnú straitéiseach**	
9.3.1. **Plean chun bacainní saorga a bhaint tar éis mhí an Mheithimh 2032**	
9.3.1.1. Glanfhad iomlán táscach breise aibhneacha saorchúrsála atá le baint amach faoi 2040 agus faoi 2050, i gcomparáid le 2020, trí bhacainní saorga atá ann cheana a bhaint ó 2020, agus caillteanas fad abhann saorchúrsála a bhaineann le bacainní nua a thógáil tar éis 2020 á chur san áireamh freisin (Airteagal 15(3)(i))	a) faoi 2050, an meastachán is fearr nó raon i nglanchiliméadair a gheofar i gcomparáid le 2020, agus baint na mbacainní atá ann cheana agus tógáil cinn nua araon á gcur san áireamh b) faoi 2040, an meastachán is fearr nó raon i nglanchiliméadair a gheofar i gcomparáid le 2020, agus baint na mbacainní atá ann cheana agus tógáil cinn nua araon á gcur san áireamh c) faoi 2050, an meastachán is fearr nó raon in km a gheofar trí na bacainní atá ann cheana a bhaint, i gcomparáid le 2020 (roghnach) d) faoi 2050, an meastachán is fearr nó raon in km a chaillfear de bharr tógáil bacainní nua tar éis 2020 (roghnach)

9.3.1.2. Léarscáileanna táscacha d'aibhneacha saorchúrsála féideartha tar éis mhí an Mheithimh 2032 (roghnach)	Faisnéis gheospásúil arna soláthar i bhformáid veicteora amhail línte agus polagáin aonraithe
9.3.2. **Feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha tuilemhánna gaolmhara tar éis mhí an Mheithimh 2032**	
9.3.2.1. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir na mbeart athchóiriúcháin is gá chun feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna lena mbaineann, tar éis mhí an Mheithimh 2032 (Airteagal 15(3)(a) agus (i))	a) faoi 2040, an meastachán is fearr nó raon, in km² (roghnach) b) faoi 2050, an meastachán is fearr nó raon, in km²
9.3.2.2. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin chun feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Faisnéis gheospásúil arna soláthar i bhformáid veicteora, mar pholagáin aonraithe a) faoi 2040 b) faoi 2050
Chun na bearta atá ábhartha don sprioc sin a líonadh isteach, bain úsáid as Cuid C	

10. **Éagsúlacht pailneoirí agus pobail pailneoirí (Airteagal 10)**	
10.1. **Cur chuige náisiúnta agus faisnéis chomhthéacsúil**	
10.1.1. **Cur chuige náisiúnta**	
10.1.1.1. Cur chuige náisiúnta i leith spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le héagsúlacht agus pobail pailneoirí, ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí (Airteagal 10) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
10.1.2. **Leibhéil shásúla**	
ROINN 10.1.2. NEAMHBHAINTEACH LEIS AN gCÉAD PHLEAN.	
10.1.3. **Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(p))**	
10.1.3.1. An próiseas chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart athchóiriúcháin arna gcur i bhfeidhm (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad Tuairisc ar phróiseas chun an modh faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a bhunú, mar a shonraítear in Airteagal 20(1)(g)

10.2. **Plean athchóirithe spriocdhírithe**	
10.2.1. **Feabhas a chur ar an éagsúlacht agus an meath ar phobail pailneoirí a aisiompú faoi 2030 (Airteagal 10(1))**	
10.2.1.1. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	a) an meastachán is fearr, in km² b) raon, in km² (roghnach)
10.2.1.2. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe
10.2.2. **Treocht mhéadaitheach a bhaint amach maidir le pobail pailneoirí tar éis 2030 (Airteagal 10(1))**	
10.2.2.1. Achar dromchla iomlán táscach atá faoi réir bearta athchóiriúcháin	An meastachán is fearr nó raon, in km² a) faoi 2040 (roghnach) b) faoi 2050
10.2.2.2. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe a) faoi 2040 b) faoi 2050
Chun na bearta atá ábhartha don sprioc sin a líonadh isteach, bain úsáid as Cuid C	

11. **Éiceachórais talmhaíochta (Airteagal 11)**	
11.1. **Cur chuige náisiúnta agus faisnéis chomhthéacsúil**	
11.1.1. **Cur chuige náisiúnta**	
11.1.1.1. Cur chuige náisiúnta i leith spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí le haghaidh éiceachórais talmhaíochta a chomhlíonadh, ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí (Airteagal 15(3)(c)) (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
11.1.2. **Faisnéis maidir le táscairí ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh éiceachórais talmhaíochta (Airteagal 11(2))**	
11.1.2.1. Táscairí roghnaithe	Roghnaigh dhá cheann ar a laghad de na trí tháscaire seo a leanas: a) innéacs an fhéileacáin féarthalún b) stoc an charbóin orgánaigh in ithreacha mianracha talún curaíochta c) sciar na talún talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta

11.1.2.2. Cuntas ar na táscairí le haghaidh éiceachórais talmhaíochta a roghnaíodh agus a n-oiriúnacht chun feabhsú na bithéagsúlachta in éiceachórais talmhaíochta laistigh den Bhallstát a léiriú (Airteagal 15(3)(j))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar an ceann ar a mhéad. Is féidir táscairí nár roghnaíodh faoi 11.1.2.1 a fhágáil folamh. a) Innéacs an fhéileacáin féarthalún b) Stoc an charbóin orgánaigh in ithreacha mianracha talún curaíochta c) Sciar na talún talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta
11.1.2.3. Leibhéal bonnlíne le haghaidh gach ceann de na táscairí roghnaithe (roghnach)	Sonraigh an leibhéal bonnlíne (luach innéacs) le haghaidh gach ceann de na táscairí a roghnaíodh in 11.1.2.1 (is féidir táscairí nár roghnaíodh a fhágáil folamh): a) luach bonnlíne le haghaidh an táscaire ar an leibhéal náisiúnta 'innéacs an fhéileacáin féarthalún' b) luach bonnlíne le haghaidh an táscaire ar an leibhéal náisiúnta 'stoc an charbóin orgánaigh in ithreacha mianracha talún curaíochta' c) luach bonnlíne le haghaidh an táscaire ar an leibhéal náisiúnta 'sciar na talún talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta'
11.1.2.4. Leibhéal bonnlíne le haghaidh an táscaire shainordaithigh 'an t-innéacs éanlaithe talaimh feirme' (roghnach)	Luach an innéacs
11.1.3. **Leibhéil shásúla ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh gach ceann de na táscairí**	
ROINN 11.1.3. NEAMHBHAINTEACH LEIS AN gCÉAD PHLEAN	
11.1.4. **Ithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta arb éard atá iontu tailte portaigh draenáilte**	
11.1.4.1. Faisnéis faoi ithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta arb éard atá iontu tailte portaigh draenáilte, eastóscadh tailte portaigh, agus faoi úsáidí eile (Airteagal 11(4))	In km^2 a) achar dromchla measta ithreacha orgánacha faoi úsáid talmhaíochta arb éard atá iontu tailte portaigh draenáilte b) achar dromchla measta an láithreáin bainte móna (roghnach) c) achar dromchla measta ithreacha orgánacha arb é atá iontu tailte portaigh draenáilte faoi úsáidí talún seachas úsáid talmhaíochta agus láithreáin bainte móna (roghnach)
11.1.4.2. Plean chun tailte portaigh draenáilte faoi úsáid talmhaíochta a athfhliuchadh go cion níos ísle ná mar a leagtar amach in Airteagal 11(4)(a), (b) agus (c)	tá/níl má tá, soláthair údar (Airteagal 15(3)(k)) – saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

11.2. **Plean athchóirithe spriocdhírithe**	
11.2.1. **Spriocanna agus oibleagáidí faoi 2030 (Airteagail 11(1), (2), (3) agus (4))**	
11.2.1.1. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	An meastachán is fearr, in km² a) achar dromchla iomlán lena ndírítear ar Airteagal 11(1) go (3) gan aon fhorluí b) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(1) (roghnach) c) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(2) (roghnach) d) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(3) (roghnach) e) achar dromchla lena ndírítear ar athchóiriú ithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta faoi Airteagal 11(4)(a) f) achar dromchla lena ndírítear ar athfhliuchadh faoi Airteagal 11(4)(a) g) más infheidhme, achar dromchla ithreacha orgánacha arb éard atá iontu tailte portaigh draenáilte faoi úsáidí talún seachas úsáid talmhaíochta agus láithreáin bainte móna a dhéanfar a athfhliuchadh, lena rannchuideofar leis na spriocanna faoi Airteagal 11(4)(a) a bhaint amach
11.2.1.2. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe
11.2.1.3. Rannchuidiú na mbeart athchóiriúcháin arb éard atá i gceist leo tailte móna a athfhliuchadh chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go dtí 2030 (Airteagal 11(4)) (roghnach)	An meastachán is fearr, in ktCO2e
11.2.2. **Spriocanna agus oibleagáidí tar éis 2032 agus forbhreathnú straitéiseach (Airteagal 11(4))**	
11.2.2.1. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin go dtí 2040 (Airteagal 15(3)(a))	An meastachán is fearr nó raon, in km² a) achar dromchla iomlán lena ndírítear ar Airteagal 11(1) go (3) gan aon fhorluí b) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(1) (roghnach) c) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(2) (roghnach) d) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(3) (roghnach) e) achar dromchla lena ndírítear ar athchóiriú ithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta faoi Airteagal 11(4)(b) f) achar dromchla lena ndírítear ar athfhliuchadh faoi Airteagal 11(4)(b) g) más infheidhme, achar dromchla ithreacha orgánacha arb éard atá iontu tailte portaigh draenáilte faoi úsáidí talún seachas úsáid talmhaíochta agus láithreán bainte móna a dhéanfar a athchóiriú mar limistéir a rannchuidíonn leis na spriocanna faoi Airteagal 11(4)(b) a bhaint amach
11.2.2.2. Rannchuidiú na mbeart athchóiriúcháin arb éard atá i gceist leo tailte móna a athfhliuchadh chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go dtí 2040 (Airteagal 11(4)) (roghnach)	An meastachán is fearr, in ktCO2e

11.2.2.3. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin go dtí 2050 (Airteagal 15(3)(a))	An measachán is fearr nó raon, in km² a) achar dromchla iomlán lena ndírítear ar Airteagal 11(1) go (3) gan aon fhorluí b) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(1) (roghnach) c) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(2) (roghnach) d) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 11(3) (roghnach) e) achar dromchla lena ndírítear ar athchóiriú faoi Airteagal 11(4)(c) f) achar dromchla lena ndírítear ar athfhliuchadh faoi Airteagal 11(4)(c) g) más infheidhme, achar dromchla ithreacha orgánacha arb éard atá iontu tailte portaigh draenáilte faoi úsáidí talún seachas úsáid talmhaíochta agus láithreán bainte móna a dhéanfar a athchóiriú mar limistéir a rannchuidíonn leis na spriocanna faoi Airteagal 11(4)(c) a bhaint amach
11.2.2.4. Rannchuidiú na mbeart athchóiriúcháin arb éard atá i gceist leo tailte móna a athfhliuchadh chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go dtí 2050 (Airteagal 11(4)) (roghnach)	An measachán is fearr, in ktCO2e
11.2.2.5. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe b) faoi 2040 c) faoi 2050
Chun na bearta atá ábhartha don sprioc seo a líonadh isteach, bain úsáid as Cuid C	

12. **Éiceachórais foraoise (Airteagal 12)**	
12.1. **Cur chuige náisiúnta agus faisnéis chomhthéacsúil**	
12.1.1. **Cur chuige náisiúnta**	
12.1.1.1. Cur chuige náisiúnta i leith na spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus oibleagáidí le haghaidh éiceachórais foraoise a chomhlíonadh, ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí (Airteagal 15(3)(c)). (roghnach)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar an ceann ar a mhéad
12.1.2. **Faisnéis maidir le táscairí ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh éiceachórais foraoise (Airteagal 15(3)(l))**	
12.1.2.1. Táscairí foraoise roghnaithe (Airteagal 15(3)(l))	Roghnaigh sé cinn ar a laghad de na seacht dtáscaire seo a leanas: a) adhmad marbh ina sheasamh b) adhmad marbh ina luí c) sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach d) nascacht foraoisí e) stoc an charbóin orgánaigh f) an sciar d'fhoraoisí arb iad speicis na gcrann dúchasach is mó atá iontu g) éagsúlacht speiceas crann

12.1.2.2. Cuntas ar na táscairí le haghaidh an éiceachórais foraoise a roghnaíodh agus a n-oiriúnacht chun feabhsú na bithéagsúlachta in éiceachórais foraoise sa Bhallstát a léiriú (Airteagal 15(3)(l))	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar an ceann ar a mhéad. Is féidir táscairí nár roghnaíodh faoi 12.1.2.1. a fhágáil folamh. a) Adhmad marbh atá ina sheasamh b) Adhmad marbh atá ina luí c) Sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach d) Nascacht foraoisí e) Stoc an charbóin orgánaigh f) An sciar d'fhoraoisí arb iad speicis na gcrann dúchasach is mó atá iontu g) Éagsúlacht speiceas crann
12.1.2.3. Leibhéil bhonnlíne le haghaidh gach ceann de na táscairí roghnaithe (roghnach)	Sonraigh an leibhéal bonnlíne (luach innéacs) le haghaidh gach ceann de na táscairí a roghnaíodh in 12.1.2.1. (is féidir táscairí nár roghnaíodh a fhágáil folamh): a) adhmad marbh ina sheasamh b) adhmad marbh ina luí c) sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach d) nascacht foraoisí e) stoc an charbóin orgánaigh f) an sciar d'fhoraoisí arb iad speicis na gcrann dúchasach is mó atá iontu g) éagsúlacht speiceas crann
12.1.2.4. Leibhéal bonnlíne le haghaidh an táscaire shainordaithigh 'innéacs éan foraoise coiteann' (roghnach)	Luach an innéacs
12.1.3. **Leibhéil shásúla ar an leibhéal náisiúnta**	
12.1.3.1. Leibhéil shásúla ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh gach ceann de na táscairí roghnaithe (roghnach) LE hATHBHREITHNIÚ MÁ LEAGANN AN COIMISIÚN CREAT TREORACH SÍOS.	Sonraigh an leibhéal sásúil (luach an innéacs) le haghaidh gach ceann de na táscairí a roghnaíodh in 12.1.2.1. (ba cheart táscairí nár roghnaíodh a fhágáil folamh): — adhmad marbh ina sheasamh — adhmad marbh ina luí — sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach — nascacht foraoisí — stoc an charbóin orgánaigh — an sciar d'fhoraoisí arb iad speicis na gcrann dúchasach is mó atá iontu — éagsúlacht speiceas crann
12.1.3.2. Leibhéil shásúla ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh an táscaire shainordaithigh 'innéacs éan foraoise coiteann' (roghnach)	Luach an innéacs

12.2. **Plean athchóirithe spriocdhírithe**	
12.2.1. **An bhithéagsúlacht a fheabhsú agus treocht mhéadaitheach le haghaidh táscairí a bhaint amach faoi 2030 (Airteagal 12(1), (2) agus (3))**	
12.2.1.1. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir athchóirithe (Airteagal 15(3)(a))	An meastachán is fearr in km² a) achar dromchla iomlán lena ndírítear ar Airteagal 12(1) go (3) b) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 12(1) (roghnach) c) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 12(2) (roghnach) d) achar dromchla lena ndírítear ar Airteagal 12(3) (roghnach)
12.2.1.2. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe
12.2.2. **An bhithéagsúlacht a fheabhsú agus treocht mhéadaitheach le haghaidh táscairí a bhaint amach faoi 2040 agus 2050 (Airteagal 12(1), (2) agus (3))**	
12.2.2.1. Achar dromchla iomlán táscach faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a))	An meastachán is fearr nó raon, in km² a) faoi 2040 (roghnach) b) faoi 2050
12.2.2.2. Léarscáileanna táscacha de limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta athchóiriúcháin (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe b) faoi 2040 c) faoi 2050
Chun na bearta atá ábhartha don sprioc seo a líonadh isteach, bain úsáid as Cuid C	

13. **3 bhilliún crann breise a chur (Airteagal 13)**	
13.1. **Tuairisc ar an rannchuidiú leis na gealltanais dá dtagraítear in Airteagal 13 (Airteagal 15(3)(m))**	
13.1.1. Líon na gcrann breise atá le cur trí bhearta athchóiriúcháin faoi Airteagail 4 agus 8 go 12 (Airteagal 13(1))	a) An meastachán is fearr ar an líon iomlán thar Airteagail 4 agus 8 go 12, gan forluí b) breithniú a bhaineann go sonrach le hairteagal – sonraigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal (roghnach) c) uimhir a bhaineann go sonrach le hairteagal (roghnach)

13.1.2.	Cur chuige chun a áirithiú go gcuirfear crainn bhreise (i) agus go mbainfear sin amach agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail éiceolaíocha, (ii) go bhfuil sé d'aidhm aige nascacht éiceolaíoch a mhéadú agus (iii) go bhfuil sé bunaithe ar fhoraoisiú inbhuanaithe, ar athfhoraoisiú agus ar phlandú crann agus ar mhéadú ar an spás glas uirbeach (Airteagal 13(2))	Tuairisc saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

Cuid C – **Bearta**		
14. **Bearta Airteagal 15(3)(c)**		
I gcás gach birt, ba cheart na ranna seo a leanas a líonadh isteach:		
14.1. **Faisnéis bhunúsach**		
14.1.1.	Ainm an bhirt	a) Ainm iomlán. Saorthéacs, 200 carachtar ar a mhéad b) Aitheantas tomhais uathúil. Saorthéacs, 20 carachtar ar a mhéad
14.1.2.	An príomhchineál éiceachórais lena mbaineann	Sonraigh éiceachóras amháin ó chódliosta na gcineálacha éiceachórais. a) éiceachórais bhogaigh (chósta agus intíre) b) éiceachórais féaraigh c) éiceachórais abhann, locha, ghláracha agus bhruachánacha d) éiceachórais foraoise agus choillearnaí e) éiceachórais fraochmhá, toir agus scrobarnaí f) éiceachórais charraigeacha, duimhche agus fásra scáinte g) éiceachórais talún curaíochta h) éiceachórais uirbeacha i) éiceachórais mhuirí j) éiceachórais eile
14.1.3.	Cineálacha eile éiceachórais lena mbaineann (roghnach)	(is féidir níos mó ná rogha amháin a dhéanamh) a) éiceachórais bhogaigh (chósta agus intíre) b) éiceachórais féaraigh c) éiceachórais abhann, locha, ghláracha agus bhruachánacha d) éiceachórais foraoise agus choillearnaí e) éiceachórais fraochmhá, toir agus scrobarnaí f) éiceachórais charraigeacha, duimhche agus fásra scáinte g) éiceachórais talún curaíochta h) éiceachórais uirbeacha i) éiceachórais mhuirí j) éiceachórais eile

14.1.4. Scála na pleanála	Sonraigh an leibhéal ábhartha (roghnaigh ceann amháin): a) náisiúnta b) NUTS1 fonáisiúnta (roghnaigh réigiún NUTS1 amháin nó níos mó ón gcódliosta) c) NUTS2 fonáisiúnta (roghnaigh réigiún NUTS2 amháin nó níos mó ón gcódliosta) d) NUTS3 áitiúil (roghnaigh réigiún NUTS3 amháin nó níos mó ón gcódliosta) e) trasnáisiúnta (roghnaigh tír amháin nó níos mó ón gcódliosta chun an Ballstát nó na Ballstáit eile lena mbaineann a shonrú) Ina theannta sin, chun tuilleadh faisnéise a thabhairt (roghnach): réimse saorthéacs (moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)
14.1.5. Stádas reatha an chur chun feidhme	Roghnaigh ceann díobh seo a leanas. Má tá an stádas difriúil i réimsí éagsúla, is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú. a) beartaithe b) plean glactha c) cur chun feidhme leanúnach d) cuireadh chun feidhme é cheana féin san am a chuaigh thart ach níor baineadh éifeachtaí amach ina n-iomláine go fóill, nó bacainní ar nascacht uiscí dromchla a bhaint idir 2020 agus 2024
14.2. **Faisnéis faoin gclár ama**	
14.2.1. Tráthchlár cur chun feidhme an bhirt	Sonraigh ceann amháin díobh seo a leanas: a) ní chumhdaíonn an beart ach an tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2032 (Airteagal 15(2)) b) cumhdaíonn an beart an tréimhse go dtí 2040 nó 2050 (Airteagal 15(1)) le sprioc-amanna idirmheánacha a chomhfhreagraíonn do na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal comhfhreagrach nó sna hAirteagail chomhfhreagracha c) ní chumhdaítear leis an mbeart ach tréimhse shonrach, atá éagsúil leo siúd thuas (sonraigh BBBB-BBBB)
14.3. **Tuairisc ar spriocanna agus oibleagáidí agus rannchuidiú leo**	
14.3.1. Tuairisc ar an mbeart	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
14.3.2. Rannchuidiú le spriocanna agus oibleagáidí	a) sprioc (roghnaigh airteagal amháin nó níos mó ó chódliosta na n-airteagal) b) fosprioc (roghnaigh fosprioc/táscaire amháin nó níos mó ó chódliosta na bhfospriocanna) *Cuirtear i láthair sa téacs seo a leanas códliosta na n-airteagal agus na bhfospriocanna a úsáidfear le haghaidh réimsí a) agus b), agus ní bheidh sé sa ghníomh tarmligthe ann féin.* *Airteagal 4* 4.1. *Feabhas a chur ar bhail na ngnáthóg* 4.4. *Limistéar gnáthóg a athbhunú* 4.7. *Feabhas a chur ar cháilíocht, ar chainníocht agus ar nascacht ghnáthóga na speiceas* 4.9. *Bearnaí eolais a líonadh* 4.10. *Feabhas a chur ar an nascacht idir cineálacha gnáthóige* 4.11.-4.12. *Is é an aidhm meathlú suntasach a chosc*

	Airteagal 5 5.1. *Feabhas a chur ar bhail na ngnáthóg* 5.2. *Limistéar gnáthóg a athbhunú* 5.5. *Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht ghnáthóga na speiceas* 5.7. *Bearnaí eolais a líonadh* 5.8. *Feabhas a chur ar chomhleanúnachas éiceolaíoch agus nascacht idir cineálacha gnáthóige* 5.9.-5.10. *Is é an aidhm meathlú suntasach a chosc* *Airteagal 8* 8.1. *Gan aon ghlanchaillteanas spáis ghlais uirbigh* 8.2. *Gan aon ghlanchaillteanas clúdaigh téastair crann uirbigh* 8.2. *Méadú ar an spás glas uirbeach* 8.3. *Méadú ar chlúdach téastair crann uirbeach* *Airteagal 9* 9.1. *25 000 km ar a laghad d'aibhneacha a athchóiriú ina n-aibhneacha saorchúrsála san Aontas faoi 2030* 9.2. *Bacainní saorga a bhaint* 9.3. *Feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha tuilemhánna* 9.4. *Nascacht nádúrtha aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha tuilemhánna a chothabháil* *Airteagal 10* 10.1. *Feabhas a chur ar éagsúlacht agus flúirse pailneoirí* *Airteagal 11* 11.1. *An bhithéagsúlacht in éiceachórais talmhaíochta a fheabhsú* 11.2.a. *Is é an aidhm an táscaire 'innéacs an fhéileacáin féarthalún' a mhéadú* 11.2.b. *Is é an aidhm an táscaire 'stoc an charbóin orgánaigh in ithreacha mianracha talún curaíochta' a mhéadú* 11.2.c. *Is é an aidhm an táscaire 'sciar na talún talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta' a mhéadú* 11.3. *Is é an aidhm an t-innéacs éanlaithe talaimh feirme a mhéadú* 11.4.a. *Is é an aidhm ithreacha orgánacha a athbhunú in úsáid talmhaíochta arb éard atá iontu talamh portaigh draenáilte* 11.4.b. *Is é an aidhm ithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta a athfhliuchadh arb éard atá iontu talamh portaigh draenáilte* 11.4.c. *Is é an aidhm limistéir de láithreáin bainte móna a athfhliuchadh* 11.4.d. *Is é an aidhm ithreacha orgánacha a athfhliuchadh arb éard atá iontu talamh portaigh draenáilte faoi úsáid talún seachas úsáid talmhaíochta agus baint móna* *Airteagal 12* 12.1. *Feabhsú na bithéagsúlachta in éiceachórais foraoise* 12.2. *Méadú ar an innéacs éan foraoise coiteann* 12.3.a. *Méadú ar an táscaire 'adhmad marbh ina sheasamh'* 12.3.b. *Méadú ar an táscaire 'adhmad marbh ina luí'* 12.3.c. *Méadú ar an táscaire 'sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach'* 12.3.d. *Méadú ar an táscaire 'nascacht foraoisí'* 12.3.e. *Méadú ar an táscaire 'stoc an charbóin orgánaigh'* 12.3.f. *Méadú ar an táscaire 'an sciar d'fhoraoisí arb iad speicis na gcrann dúchasach is mó atá iontu'* 12.3.g. *Méadú ar an táscaire 'éagsúlacht speiceas crann'* *Airteagal 13* 13.1. *3 bhilliún crann breise ar a laghad a chur*
14.3.3. Brúnna a dtugtar aghaidh orthu leis an mbeart (roghnach)	Sonraigh brú amháin nó níos mó ó chódliosta na mbrúnna (ó HD, WFD, MSFD)

14.4. **Tuairisc aonfhoirmeach ar na bearta**	
Tá tuairisc aonfhoirmeach ar na bearta bunaithe ar an doiciméad tionlacain 'Tíopeolaíocht na mbeart'. I gcás gach birt a shainítear in 14.1.1., roghnaigh cineál amháin comhfhreagrach beart nó níos mó.	
14.4.1. Tuairisc aonfhoirmeach ar na bearta (Airteagal 15(3)(c))	a) cineál amháin beart nó níos mó a shonrú ó chódliosta na gcineálacha beart b) i gcás bearta lena ndírítear ar Airteagal 4 nó ar Airteagal 5, sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige (roghnach)
14.5. **Faisnéis spásúil**	
14.5.1. An t-achar dromchla measta nó an fad measta faoi réir an bhirt (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Sonraigh a) agus b), nó c). a) an meastachán is fearr nó raon b) roghnaigh aonad (km nó km^2) c) ní fios
14.5.2. Léarscáil tháscach de na limistéir a d'fhéadfadh a bheith faoi réir an bhirt (Airteagal 15(3)(a)) (roghnach)	Faisnéis gheospásúil, arna soláthar mar thagairt NUTS 3, eangaí 10x10 km nó polagáin aonraithe
14.5.3. Suíomh i ndáil le Natura 2000 (Airteagal 15(3)(c))	a) Roghnaigh rogha malartach amháin ón gcódliosta seo a leanas: — Tá bearta beartaithe laistigh de Natura 2000 — Tá bearta beartaithe lasmuigh de Natura 2000 — Tá bearta beartaithe laistigh de Natura 2000 agus lasmuigh de b) Códliosta na láithreán Natura 2000 a ndéanann an beart difear dóibh (roghnach)
14.5.4. Clár saincheaptha sna réigiúin is forimeallaí, más iomchuí (Airteagal 15(3)(o))	Tá/Níl
14.6. **Riachtanais airgeadais mheasta (Airteagal 15(3)(u)) (roghnach)**	
I gcás gach birt a shonraítear in 14.1.1., is féidir an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar agus tá na réimsí uile roghnach. Is féidir an fhaisnéis a sholáthraítear sa roinn seo a úsáid chun an fhaisnéis airgeadais i gCuid A a líonadh isteach.	
14.6.1. Riachtanais airgeadais mheasta (EUR) chun an beart a chur chun feidhme (roghnach)	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go dtí mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta I gcás gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh an fhaisnéis seo a leanas (in EUR). Má chuirtear faisnéis ar fáil go hiomlán anseo ar leibhéal an bhirt, féadfar í a úsáid chun an fhaisnéis airgeadais i gCuid A a líonadh isteach.

		Costais aonuaire / tionscadail (EUR/bliain)		Costais oibriúcháin bhliantúla (EUR/bliain)	
		Iomlán	Laistigh de Natura 2000	Iomlán	Laistigh de Natura 2000
A	***Costais chothrománacha le haghaidh an bhirt***				
A.1	*Faireachán agus tuairisciú*				
A.2	*Taighde, lena n-áirítear bearnaí eolais a réiteach*				
A.3	Eile (réimse/réimsí saorthéacs, 100 carachtar an ceann ar a mhéad)				
B	***Costais mheasta le haghaidh an éiceachórais ar a ndírítear leis an mbeart***				
B.1	*Éiceachórais bhogaigh (chósta agus intíre)*				
B.2	*Éiceachórais féaraigh*				
B.3	*Éiceachórais abhann, locha, ghláracha agus bhruachánacha*				
B.4	*Éiceachórais foraoise agus choillearnaí*				
B.5	*Éiceachórais fraochmhá, toir agus scrobarnaí*				
B.6	*Éiceachórais charraigeacha, duimhche agus fásra scáinte*				
B.7	*Éiceachórais talún curaíochta*				
B.8	*Éiceachórais uirbeacha*				
B.9	*Éiceachórais mhuirí*				
B.10	*Éiceachórais eile*				
C	***Costais eile nach mbaineann le héiceachórais shonracha***				
C.1	Eile (réimse/réimsí saorthéacs, 100 carachtar an ceann ar a mhéad)				
	Iomlán				

14.6.2.	Tacaíocht airgeadais mheasta do na páirtithe leasmhara a ndéanann bearta athchóiriúcháin nó oibleagáidí nua a eascraíonn as cur chun feidhme an Rialacháin difear dóibh (roghnach)	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr (roghnach) II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta *Le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh:* a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) an luach measta is fearr nó raon, dá réir sin (in EUR)

14.6.3.	Modhanna táscacha maoinithe phoiblí atá beartaithe (roghnach)	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go dtí mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta *Le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh:* a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) an luach measta is fearr nó raon, dá réir sin (in EUR)
14.6.4.	Modhanna táscacha maoinithe phríobháidigh atá beartaithe (roghnach)	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go dtí mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta *Le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh:* a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) an luach measta is fearr nó raon, dá réir sin (in EUR)
14.6.5.	Cómhaoiniú agus maoiniú atá beartaithe le hionstraimí cistiúcháin an Aontais (roghnach)	I. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2024, na meastacháin is fearr (roghnach) II. le haghaidh na tréimhse ó mhí Lúnasa 2024 go dtí mí an Mheithimh 2032, na meastacháin is fearr III. le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2032 go mí na Nollag 2050, na meastacháin is fearr nó raonta *Le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thuasluaite, sonraigh:* a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) an luach measta is fearr nó raon, dá réir sin (in EUR)
14.7.	**Faisnéis faoi chur chun feidhme an bhirt faoi bheartais eile, más infheidhme**	
14.7.1.	Tuairisc ar na bearta caomhnaithe agus bainistíochta atá le glacadh faoin gcomhbheartas iascaigh, i gcás inarb infheidhme (Airteagal 15(4), Airteagal 18(2))	Déan cur síos ar leibhéal a) agus/nó b) (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar an ceann ar a mhéad): a) bearta náisiúnta caomhnaithe agus bainistíochta b) moltaí comhpháirteacha tríd an nós imeachta réigiúnaithe faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013
14.7.2.	Pleanáil beart atá le glacadh agus úsáid á baint as an nós imeachta réigiúnaithe faoin gcomhbheartas iascaigh (Airteagal 15(4), Airteagal 18(2)) agus Airteagal 18(3)) (más ábhartha de réir 14.7.1)	Má cheanglaítear leis an mbeart moltaí comhpháirteacha a chur isteach tríd an nós imeachta réigiúnaithe faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, soláthair: a) tréimhse mheasta an chomhairliúcháin leis na Ballstáit eile agus leis na comhairlí comhairleacha ábhartha (MM.BBBB-MM.BBBB), agus b) an tréimhse ama a mheastar maidir le haon mholadh comhpháirteach a chur isteach (MM.BBBB-MM.BBBB) c) cineál gnáthóige amháin nó níos mó lena mbaineann ó chódliosta na gcineálacha gnáthóige mara (roghnach) d) iascach amháin nó níos mó lena mbaineann (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad, roghnach)

14.7.3. Beart arna ghlacadh faoin gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) (Airteagal 15(5)) (roghnach)	Má bhaineann an beart le plean straitéiseach náisiúnta CBT, tabhair forbhreathnú ar an idirghníomhú idir beart den sórt sin agus plean straitéiseach náisiúnta CBT. Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
14.7.4. Beart i sineirgíocht le bearta atá beartaithe i bpleananna athchóirithe náisiúnta Ballstát eile (Airteagal 14(17))	Má tá an beart i sineirgíocht le bearta atá beartaithe i bplean athchóirithe náisiúnta Ballstáit amháin eile nó níos mó, sonraigh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann. Roghnaigh ceann amháin nó níos mó ó chódliosta na mBallstát.

Faisnéis bhreise

Faisnéis bhreise I – Barúlacha agus athbhreithniú ar an dréacht-PAN (Airteagal 19)

Más infheidhme

A1.1. Sonraigh conas a cuireadh na barúlacha ón gCoimisiún maidir leis an dréacht-PAN san áireamh (Airteagal 15(3)(x))	a) Breithniú ginearálta. Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad. b) Breithniú a bhaineann le réimse sonrach – sonraigh réimse amháin nó níos mó ó chódliosta na réimsí (roghnach) c) Breithniú a bhaineann le réimse sonrach (roghnach). Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad

Faisnéis Bhreise II – Faisnéis de réir an chineáil gnáthóige mara (roghnach)

Féadfaidh na Ballstáit na réimsí faisnéise breise sin a úsáid chun faisnéis a sholáthar de réir an chineáil gnáthóige mara. Is féidir leis sin cuidiú chun bearta athchóiriúcháin a phleanáil le haghaidh na gcineálacha gnáthóige comhfhreagracha nó le haghaidh na ngrúpaí gnáthóg comhfhreagracha i réigiún muirí. Aon uair is féidir, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as faisnéis atá ar fáil ó chur chun feidhme na Treorach maidir le Gnáthóga agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí (go háirithe, faisnéis a thuairiscítear faoi Airteagal 8 den Treoir sin). Féadfar na réimsí faisnéise breise sin a úsáid chun spriocanna agus bearta athchóiriúcháin sonracha a shonrú le haghaidh cineálacha gnáthóige aonair, mar fhaisnéis atá comhlántach le Ranna 7.1.2., 7.2.1. agus/nó 7.2.3.

A2.1. **Cineálacha gnáthóige atá i láthair i gcríoch an Bhallstáit**

A2.1. Cineálacha gnáthóige atá i láthair i gcríoch an Bhallstáit	a) grúpa gnáthóg (sonraigh grúpa gnáthóg amháin nó níos mó 1-7 ón gcódliosta) b) cineál gnáthóige (sonraigh cineál gnáthóige amháin nó níos mó ón gcódliosta a chomhfhreagraíonn don ghrúpa gnáthóg)

A2.2. **Faisnéis aonair ar chineál gnáthóige**	
I gcás aon cheann de na cineálacha gnáthóige a shonraítear in A2.1, féadfar faisnéis a chomhtháthú sna réimsí seo a leanas:	
A2.2.1. Grúpa agus ainm an chineáil gnáthóige	a) grúpa gnáthóg (sonraigh grúpa gnáthóg amháin ón gcódliosta) b) cineál gnáthóige (sonraigh cineál gnáthóige amháin a chomhfhreagraíonn don ghrúpa gnáthóg)
A2.2.2. Limistéar measta iomlán na gnáthóige sa Bhallstát	In km²
A2.2.3. Dáileadh	Soláthair ceann amháin díobh seo a leanas: a) tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad) b) faisnéis gheospásúil mar eang 10x10 km nó polagáin aonraithe
A2.2.4. Bail	a) go maith/go maith, bunaithe ar riosca íseal/ní sí go maith/anaithnid/gan mheasúnú b) má tá stádas tuairisciúil ar fáil, soláthair tuairisc (saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad)
A2.2.5. Limistéar tagartha fabhrach (LTF)	In km²
A2.2.6. Tagairtí (i.e. litríocht)	Saorthéacs, moltar 3 000 carachtar ar a mhéad
A2.2.7. An bhfuil an cineál gnáthóige faoi réir athchóiriú chun feabhas a chur ar an mbail atá ar an ngnáthóg agus/nó chun an limistéar gnáthóige a athbhunú?	Tá /Níl maidir le gach ceann de na pointí seo a leanas: a) go dtí 2030 b) go dtí 2040 c) go dtí 2050
A2.2.8. Achar dromchla iomlán táscach na limistéar ina bhfuil sé beartaithe bearta a chur i bhfeidhm	In km² a) go dtí 2030 b) go dtí 2040 c) go dtí 2050

Faisnéis Bhreise III – Liosta de limistéir éiceachórais uirbigh nuair a leantar cur chuige atá éagsúil le haonaid riaracháin áitiúla iomlána a úsáid

Tá sé de rogha ag na Ballstáit limistéar éiceachórais uirbigh (LÉUnna) amháin nó níos mó a chinneadh le cur chuige atá éagsúil le haonaid riaracháin áitiúla (ARÁnna) iomlána a úsáid, i.e. lena n-áirítear codanna de chathair nó de bhaile agus de bhruachbhailte, agus/nó lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha. Ba cheart do na Ballstáit a úsáideann an cur chuige sin na sonraí a dtugtar tuairisc orthu sna réimsí faisnéise breise sin a sholáthar.

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart an Fhaisnéis Bhreise sin a líonadh isteach freisin dá n-úsáidfí sonraí forlíontacha lasmuigh de Copernicus chun meastachán a dhéanamh ar spás glas uirbeach agus/nó ar chlúdach téastair crann uirbeach, nó má chinneann Ballstát LÉU amháin nó níos mó a eisiamh de réir Airteagal 8(1).

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart an Fhaisnéis Bhreise sin a líonadh isteach má dhéantar ARÁ amháin nó níos mó a chomhiomlánú chun limistéar éiceachórais uirbigh amháin nó níos mó a shainiú.

I gcás gach limistéir éiceachórais uirbigh, ba cheart na réimsí seo a leanas a líonadh isteach:

A3.1. Aitheantóir uathúil an limistéir éiceachórais uirbigh (LÉU)	Saorthéacs, 20 carachtar ar a mhéad An struchtúr atá beartaithe: Cód BS + fo-scór + slánuimhir
A3.2. Tá níos mó ná ARÁ amháin comhiomlánaithe le cathracha, bailte agus bruachbhailte cóngaracha eile istigh sa limistéar éiceachórais uirbigh sin	Tá/Níl Má roghnaítear 'tá', ba cheart níos mó ná ARÁ amháin a sholáthar in A3.3
A3.3. Aitheantóirí uathúla ARÁ(nna) a áirítear sa limistéar éiceachórais uirbigh seo	Aitheantais GISCO amháin nó níos mó den ARÁ nó de na hARÁnna
A3.4. Leibhéal uirbithe an LÉU	Sonraigh ceann amháin de na roghanna malartacha seo a leanas ón gcódliosta: a) cathair b) baile agus bruachbhailte
A3.5. An cineál limistéir éiceachórais uirbigh	Sonraigh ceann amháin de na roghanna malartacha seo a leanas ón gcódliosta: a) lárionaid uirbeacha agus braislí uirbeacha amháin b) Cuimsíonn an LÉU codanna den chathair nó den bhaile lasmuigh de lárionaid agus braislí uirbeacha
A3.6. Achar agus sciar an spáis ghlais uirbigh sa LÉU (laistigh de lárionaid uirbeacha agus de bhraislí uirbeacha amháin)	a) achar in km^2 b) sciar in %
A3.7. Achar agus sciar an chlúdaigh téastair crann sa LÉU (laistigh de lárionaid uirbeacha agus de bhraislí uirbeacha amháin)	a) achar in km^2 b) sciar in %
A3.8. Eisiamh na nLÉUnna ar mó iad ná 45 % den spás glas uirbeach agus 10 % den chlúdach téastair crann uirbeach (Airteagal 8(1))	Tá/Níl

Faisnéis Bhreise IV – Fardal na mbacainní saorga ar nascacht uiscí dromchla (Airteagal 15(3)(i) agus (n))

Déanfaidh na Ballstáit fardal de bhacainní saorga ar nascacht chomhréireach, chliathánach agus ingearach na n-uiscí dromchla. Thairis sin, i bhfianaise fheidhmeanna socheacnamaíocha na mbacainní saorga, sainaithneoidh na Ballstáit na bacainní nach mór a bhaint chun rannchuidiú leis na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán a bhaint amach agus chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha a athchóiriú ina n-aibhneacha saorchúrsála san Aontas faoi 2030 (Airteagal 9(1)).
Cumhdaítear na gníomhaíochtaí riachtanacha sin freisin le forálacha Airteagal 14 Pleananna athchóirithe náisiúnta a ullmhú lena n-iarrtar ar na Ballstáit an fhianaise eolaíoch is déanaí a chur san áireamh.

Mar chuid de na hathbhreithnithe tréimhsiúla agus de na hathbhreithnithe ar na pleananna athchóirithe náisiúnta (Airteagal 19), déanfar an fardal sin a nuashonrú, rud a léireoidh bacainní a bheidh bainte chomh maith le bacainní a d'fhéadfadh a bheith nuathógtha.

A4. **Faisnéis bhunúsach maidir le bacainní**	
A4.1. Aitheantas na Bacainne	Aitheantóir na bacainne
A4.2. Faisnéis faoi dhobharlaigh	Má tá an bhacainn nasctha le haon dobharlach WFD, sonraigh aitheantas an dobharlaigh/na ndobharlach: a) Aitheantas an dobharlaigh (aitheantas aonair nó níos mó ná aitheantas amháin) Mura bhfuil an bhacainn nasctha le haon dobharlach WFD, sonraigh an dá cheann díobh seo a leanas: a) aitheantas an cheantair abhantraí b) ainm na habhann nó an locha nó ainm an limistéir cósta
A4.3. Suíomh na bacainne	Faisnéis gheospásúil a sholáthraítear i bhformáid veicteora, mar phointe a chomhfhreagraíonn do lárphointe ginearálaithe na bacainne, nó mar líne nó mar pholagán aonraithe
A4.4. Cineál na bacainne	Sonraigh cineál bacainne amháin ón gcódliosta seo a leanas. I gcás bacainní comhcheangailte, is gá faisnéis a sholáthar ar leithligh le haghaidh gach bacainne. a) damba b) cora b1) cora astarraingthe (roghnach) b2) cora chomhdhlúthúcháin (roghnach) b3) cora choinneála (roghnach) c) loc-chomhla d) trasnú d1) lintéar (roghnach) d2) áth (roghnach) d3) droichead (roghnach) e) rampa agus sail ghrinnill f) cosaint bruaigh g) fál cosanta h) sraodbhalla grinnill i) eile
A4.5. Gné nascachta na dtionchar bacainní (roghnach)	Roghnaigh ceann amháin nó níos mó ó na roghanna seo a leanas: a) fadnascacht b) nascacht tuilemhá c) nascacht cheartingearach d) eile
A4.6. An méid a bhfuil an bhacainn imithe i léig	Tá/níl/ní fios
A4.7. Úsáid na bacainne (roghnach, agus infheidhme i gcás ina roghnaítear 'níl' in A4.6 agus sa chás sin amháin)	Roghnaigh ceann amháin nó níos mó ó na roghanna seo a leanas: a) giniúint fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite b) loingseoireacht intíre c) soláthar uisce d) cosaint ar thuilte e) eile

A4.8. **Plean chun na bacainní saorga a bhaint (Airteagal 9(2), Airteagal 15(3)(i))**		
A4.8.1.	An bhfuil sé beartaithe an bhacainn a bhaint?	Roghnaigh ceann díobh seo a leanas: a) tá, faoi 2030; b) tá, idir 2031-2040; c) tá, idir 2041-2050; d) baineadh an bhacainn cheana féin (tar éis 2020) e) níl f) ní fios g) faoi staidéar
A4.8.2.	Mura bhfuil sé beartaithe an bhacainn a bhaint, sonraigh an bhfuil bearta maolaithe éifeachtacha i bhfeidhm nó beartaithe chun imirce réamhtheachtach agus iartheachtach speiceas éisc dhúchasaigh a áirithiú, de réir mar is gá chun stádas maith éiceolaíoch/acmhainneacht mhaith éiceolaíoch a bhaint amach dá dtagraítear sa Chreat-treoir Uisce (roghnach)	Níl feidhm aige sin ach amháin maidir le bacainní ar an nascacht chomhréireach (a thuairiscítear mar chineálacha a-e in A4.4) agus nach bhfuil sé beartaithe iad a bhaint (a thuairiscítear mar chineál e in A4.8.1). Roghnaigh dhá cheann díobh seo a leanas (rogha amháin in aghaidh an tsrutha agus rogha amháin le sruth): a) is féidir le gach speiceas imirce in aghaidh an tsrutha (nó tá sé beartaithe go bhféadfaidís) b) ní féidir ach le roinnt speiceas imirce in aghaidh an tsrutha (nó tá sé beartaithe go bhféadfaidís) c) tá imirce in aghaidh an tsrutha dodhéanta agus níl aon phleananna ann chun é a dhéanamh indéanta d) is féidir le gach speiceas imirce le sruth (nó tá sé beartaithe go bhféadfaidís) e) ní féidir ach le roinnt speiceas imirce le sruth (nó tá sé beartaithe go bhféadfaidís) f) tá imirce le sruth dodhéanta agus níl aon phleananna ann chun é a dhéanamh indéanta g) imirce in aghaidh an tsrutha: neamhbhainteach <sonraigh le do thoil> h) imirce le sruth: neamhbhainteach <sonraigh le do thoil>
A4.8.3.	Má tá sé beartaithe an bhacainn a bhaint nó má baineadh í cheana féin, sonraigh cén cuspóir a gcuirfear leis tríd an mbacainn a bhaint	roghnaigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: a) Airteagal 4(1) feabhas a chur ar bhail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I b) Airteagal 4(4) na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a athbhunú c) Airteagal 4(3) feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht ghnáthóga na speiceas d) Airteagal 4(10) feabhas a chur ar nascacht na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I e) Airteagal 9(1) 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha a athchóiriú ina n-aibhneacha saorchúrsála san Aontas faoi 2030 i gcomparáid le 2020 f) Airteagal 9(3) feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha tuilemhánna gaolmhara g) rialú tuilte (lena n-áirítear athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide) h) feabhas a chur ar stádas/acmhainneacht éiceolaíoch an dobharlaigh de réir na Creat-treorach Uisce 2000/60/CE j) eile, sonraigh le do thoil <saorthéacs>